Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16775/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0400 (COD)**

**ENER 678**
**CLIMA 600**
**CONSOM 305**
**TRANS 645**
**AGRI 711**
**IND 616**
**ENV 1386**
**COMPET 1344**
**FORETS 142**
**CODEC 2128**
**IA 232**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 1007 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944 agus (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 1007 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 1007 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2025
COM(2025) 1007 final

2025/0400 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944 agus (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna**

{SEC(2025) 2000 final} - {SWD(2025) 2000 final} - {SWD(2025) 2001 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é is aidhm don togra dlús a chur le ceadú tionscadal bonneagair fuinnimh, lena n-áirítear líonraí tarchuir agus dáileacháin, stáisiúin stórála agus athluchtaithe agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite chun a gcur in úsáid tapa a éascú. Tá sé ríthábhachtach go n-úsáidfear go pras iad chun go ndéanfaidh an tAontas dul chun cinn maidir lena aistriú fuinnimh i dtreo córas fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos dícharbónaithe. Tá an togra mar chuid den Phacáiste um na hEangacha Eorpacha a fógraíodh mar chuid den Chompás Iomaíochais[1] agus den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[2] ag tús 2025. Luadh freisin sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne ó mhí Feabhra 2025[3] go mbeadh tograí reachtacha sa Phacáiste um na hEangacha Eorpacha chun dlús a chur le ceadú eangacha, stórála agus foinsí in-athnuaite fuinnimh. Leis an togra, comhlíontar freisin an iarraidh ón gComhairle Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2025 féachaint ar thograí nua chun nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe sna Ballstáit a chuíchóiriú agus dlús a chur leo[4].

Cuireann páirtithe leasmhara in iúl go bhfuil ceadú mall agus casta, lena n-áirítear le haghaidh nascadh leis an eangach, ar cheann de na príomhthosca is cúis le moilleanna ar fhorbairt tionscadal fuinnimh. Tógann sé thart ar 10 mbliana líonraí tarchuir a chur i gcrích, agus caitear níos mó ná leath den am is gá ar cheadú. Rangaigh 78 % de fhreagróirí an chomhairliúcháin phoiblí an ceadú mar an phríomhbhacainn ar a áirithiú go bhforbróidh bonneagar eangaí an Aontais de réir mar is gá le haghaidh an aistrithe fuinnimh. Ar an gcaoi chéanna, d’fhéadfadh suas le 9 mbliana a bheith i gceist fós le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a cheadú, de réir an Bhallstáit agus na teicneolaíochta lena mbaineann. D’fhéadfadh idir 1 bhliain amháin agus 7 mbliana a bheith i gceist le suiteálacha stórála, de réir na teicneolaíochta. D’fhéadfadh sé go dtógfadh na nósanna imeachta ceadaithe maidir le tógáil nó claochlú stáisiún athluchtaithe ar mhórbhealaí agus in iostaí suas le 2 bhliain i roinnt Ballstát. Is é is cúis le ceadú mall, i measc nithe eile, córais riaracháin neamhleanúnacha i measc údaráis iomadúla, foireann neamhleor sna húdaráis, fad na measúnuithe comhshaoil, easpa glactha ag an bpobal, digiteáil agus infhaighteacht sonraí theoranta chomh maith le dúshláin riaracháin agus bhreithiúnacha. Is féidir tionchar diúltach a bheith ag nósanna imeachta ceadaithe malla ar an nuálaíocht san earnáil freisin agus is bac iad i dtreo bhaint amach na sprice táscaí a leagtar amach sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite chun 5 % ar a laghad de thoilleadh fuinnimh in-athnuaite nuashuiteáilte le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach. Le dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe,

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ‘Compás Iomaíochais’ (COM(2025) 30 final an 29.1.2025).

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ‘An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú’ (COM(2025) 85 final an 26.2.2025).

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, Chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ‘An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne Leas a bhaint as fíorluach ár nAontais Fuinnimh chun fuinneamh glan éifeachtúil inacmhainne a sholáthar do mhuintir uile na hEorpa’ COM(2025) 79 final.

4 Conclúidí chruinniú na Comhairle Eorpaí, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

lena n-áirítear chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a hibridiú agus bonneagar fuinnimh a athchóiriú agus a nuachóiriú, ba cheart rannchuidiú le réitigh nuálacha a chur chun cinn.

Le blianta beaga anuas, tugadh isteach roinnt beart nua ar leibhéal an Aontais chun dlús a chur le ceadú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus, go pointe áirithe, tionscadail bhonneagair. In 2022, glacadh Rialachán ón gComhairle, mar bheart éigeandála, chun dlús a chur le ceadú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus tionscadail bhonneagair ghaolmhara,[5] ar cuireadh síneadh páirteach leis i mí na Nollag 2023[6] go dtí an 30 Meitheamh 2025. Leis an Rialachán seo, bunaíodh toimhde go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint le fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt, tugadh isteach sprioc-amanna don nós imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh teicneolaíochtaí áirithe fuinnimh in-athnuaite agus ceadaíodh do na Ballstáit tionscadail fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le tionscadail stórála fuinnimh agus tionscadail eangaí leictreachais is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais, a dhíolmhú ó roinnt ceanglas comhshaoil faoi choinníollacha áirithe. Thairis sin, in 2023, leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite ('RED')[7], tugadh isteach creat cuimsitheach nua um cheadú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, le sprioc-amanna níos giorra agus rialacha níos simplí. Ina theannta sin, áiríodh léi oibleagáidí mapála agus an oibleagáid dlúslimistéir fuinnimh in-athnuaite a ainmniú i gcás ina meastar go mbeidh na tionchair chomhshaoil a eascraíonn as tionscadail íseal, rud a d'fhágfadh go mbeadh nós imeachta ceadaithe simplithe ann do thionscadail sna limistéir sin. Áiríodh leis an RED athbhreithnithe freisin bearta roghnacha chun dlúslimistéir a thabhairt isteach le haghaidh tionscadail bhonneagair i gcás ina bhfuil na tionscadail sin díolmhaithe ó mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi choinníollacha áirithe.

Tá roinnt torthaí dearfacha sa chleachtas mar thoradh ar thabhairt isteach na mbeart sin. Mar shampla, tá na bearta sa Rialachán ón gComhairle curtha i bhfeidhm go forleathan ag an nGearmáin, go háirithe na bearta deonacha, rud a d'fhág gur cuireadh dlús mór leis an gceadú. In 2024, d'fhormheas an Ghearmáin thart ar 14-15 GW de thoilleadh gaoithe breise ar talamh[77], ar méadú 85 % é i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus atá beagnach cothrom leis an toilleadh gaoithe suiteáilte nua iomlán san Eoraip sa bhliain chéanna. Ar an gcaoi chéanna, is féidir tionchair dhearfacha a fheiceáil ó chur chun feidhme na mbeart sa RED athbhreithnithe. Léirítear i staidéar chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún agus na Treoraíochta maidir le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus tionscadail bhonneagair ghaolmhara[8], gur ghlac na Ballstáit 1198 mbeart san iomlán chun an Moladh a chur chun feidhme, agus 901 díobh ina mbearta a bhfuil leibhéal ailínithe measartha nó láidir acu leis an Moladh, is é sin 75 % de na bearta iomlána comhairthe.

D'ainneoin na mbeart a tugadh isteach leis an Rialachán ón gComhairle agus leis an RED athbhreithnithe, tá scrogaill cheadaithe fós ann ar fud na mBallstát agus ní i gcónaí a bhraitear

---

5 Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in- athnuaite , IO L 335, 29.12.2022, lch. 36.

6 Rialachán (AE) 2024/223 ón gComhairle an 22 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2577 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite.

7 Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in- athnuaite a chur chun cinn, agus lena n- aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle

8 https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/834f011b-e464-11ef-be2a-01aa75ed71a1

dul chun cinn maidir le cur in úsáid brostaithe tionscadal sa chleachtas, rud a deimhníodh freisin le linn an Idirphlé Cur Chun Feidhme maidir le ceadú arna reáchtáil ag an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht an 11 Meitheamh 2025[9].

Cuireann roinnt tosca leis sin. Ar an gcéad dul síos, níor thug an RED athbhreithnithe aghaidh go hiomlán ar na saincheisteanna uile a chuireann moill ar cheadú agus ar chomhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail ceadú mall le haghaidh eangacha, stáisiúin stórála nó athluchtaithe, digiteáil theoranta nósanna imeachta nó glacadh an phobail. Ar an dara dul síos, níor áiríodh sa RED athbhreithnithe ach cuid de bhearta an Rialacháin ón gComhairle ach níl roinnt beart tábhachtach inti a áirítear ann a scoir d'fheidhm a bheith acu, amhail na bearta sin chun tosaíocht na dtionscadal fuinnimh in-athnuaite a leathnú ar fud gnéithe comhshaoil agus chun comhlíonadh rialacha comhshaoil áirithe a chuíchóiriú. Ar an tríú dul síos, cé gurbh iad mí Iúil 2024 agus mí na Bealtaine 2025 dátaí trasuite na bhforálacha ábhartha ceadaithe sa RED, léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil torthaí éagsúla i measc na mBallstát maidir le cur chun feidhme agus easnaimh i gcur i bhfeidhm na rialacha. Tá cur chun feidhme iomlán an chreata atá ann cheana fós ar siúl, ach léiríonn an t-aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, fiú sna Ballstáit inar trasuíodh an creat atá ann cheana agus ina bhfuil sé á chur chun feidhme, go bhfuil scrogaill ann a chuireann bac ar cheadú agus ar chur in úsáid tapa na dtionscadal fuinnimh in-athnuaite. Dá bhrí sin, ní hamháin gur féidir na nósanna imeachta fada ceadaithe is cúis le cur chun feidhme mall tionscadail a chur i leith easpa cur chun feidhme iomlán agus ceart an chreata atá ann cheana sna Ballstáit, ach is féidir iad a chur i leith saincheisteanna nár tugadh aghaidh orthu go hiomlán i gcreat dlíthiúil reatha an Aontais freisin: measúnuithe comhshaoil rófhada, easpa glactha ag an bpobal, digiteáil theoranta na nósanna imeachta, acmhainní neamhleora sna húdaráis náisiúnta um cheadú, easpa sásraí comhordúcháin idir na húdaráis éagsúla a bhfuil baint acu leis an nós imeachta ceadaithe, easpa rialacha maidir le gach cineál stórála agus stáisiúin athluchtaithe.

Maidir le bonneagar fuinnimh, níl aon chóras uileghabhálach ceadaithe ann faoi láthair ar leibhéal an Aontais. Le Rialachán GTE-F, tugtar isteach rialacha maidir le tionscadail bhonneagair a cheadú ar liosta an Aontais de thionscadail leasa choitinn agus de thionscadail chomhleasa, ach ní chumhdaítear leis sócmhainní bonneagair eile. Leis an bPacáiste Hidrigine agus Gáis Dhícharbónaithe[10], tugadh isteach ceanglais ghinearálta maidir le sócmhainní hidrigine agus gáis a údarú, lena n-áirítear nósanna imeachta ceadaithe, sa Treoir maidir leis an Margadh Gáis[11]. Mar sin féin, níl aon chreat Eorpach ar fáil le haghaidh eangacha leictreachais. Sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne agus sa Tuarascáil maidir le Todhchaí Iomaíochas na hEorpa aithníodh an gá atá le ráta cur in úsáid an bhonneagair fuinnimh a mhéadú chun dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus chun slándáil athléimneacht eangach an Aontais a mhéadú agus costais fuinnimh a laghdú. Is ionann easpa creata aontaithe Eorpaigh agus céim in easnamh chun aghaidh a thabhairt ar an ngá sin. Dá réir sin, leis an togra seo tugtar córas ceadaithe na Treorach maidir leis an Margadh Leictreachais cothrom le dáta chun ceanglais a bhunú maidir le bonneagar tarchuir

9 Idirphlé cur chun feidhme leis an gCoimisinéir Jørgensen maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar gaolmhar a cheadú - an Coimisiún Eorpach, https://energy.ec.europa.eu/events/implementation-dialogue-permitting-renewable-energy-projects-and-related-infrastructure-commissioner-2025-06-11_en

10 An Coimisiún Eorpach, Fuinneamh, a*n Pacáiste Hidrigine agus Gáis Dhícharbónaithe*, https://energy.ec.europa.eu/topics/markets-and-consumers/hydrogen-and-decarbonised-gas-market_en.

11 Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, IO L, 2024/1788

agus dáileacháin nach dtugtar aghaidh orthu faoi láthair. Leis na hathruithe ar an Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais, tugadh isteach ceanglais bhreise nach mór a léiriú sa Treoir maidir leis an Margadh Gáis, is é sin i dtéarmaí inniúlacht na n-údarás um cheadú, scoithdhátaí le haghaidh iarrataí ar fhaisnéis bhreise, formheas intuigthe i gcinntí riaracháin agus ceanglais digiteála.

I measc na gcúiseanna le nósanna imeachta fada ceadaithe atá fós ann, sainaithníodh measúnuithe comhshaoil arís agus arís eile mar an chéim is mó a bhíonn i mbaol moilleanna. Ar an iomlán, meastar gur thart ar 20.6 mhí a bheidh i meánfhad an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol (MTC) le haghaidh tionscadail i gcoitinne (nach mbaineann go sonrach le fuinneamh in-athnuaite),[12] rud a dhéanann difear don chumas na sprioc-amanna ceadaithe sa RED athbhreithnithe a chomhlíonadh. Sa chomhairliúchán poiblí don Phacáiste um na hEangacha Eorpacha[13], thacaigh formhór na bhfreagróirí le measúnuithe comhshaoil a shimpliú agus a chuíchóiriú. Leis an RED athbhreithnithe, tugadh isteach bearta spriocdhírithe chun oibleagáidí comhshaoil áirithe a mhaolú, ach mar thoradh ar staid reatha chur in úsáid na dtionscadal fuinnimh in-athnuaite agus meánfhad na measúnuithe comhshaoil, tá gá le hidirghabháil bhreise i ndáil leis sin.

Le forfheidhmiú lag na n-údarás náisiúnta maidir le sprioc-amanna ceadaithe sna Ballstáit, baintear an bonn de chuspóir athbhreithnithe an RED teorainn a chur le fad na nósanna imeachta ceadaithe. Mar thoradh ar éiginnteachtaí agus easpa rialacha soiléire i gcás coinbhleachtaí idir tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus leasanna eile, bíonn amanna fada ceadaithe agus dúshláin bhreithiúnacha ann. Le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail an-bheag, coinnítear maorlathas nach gá a chuireann moill ar a gcur in úsáid, agus tá moilleanna gan údar fós ann maidir lena nascadh leis an eangach. Tá cur chun feidhme fada fós ann de dheasca próisis rannpháirtíochta poiblí neamhéifeachtúla agus neamhéifeachtacha, a n-eascraíonn cur i gcoinne i bhfoirm dúshláin riaracháin agus bhreithiúnacha uathu. Cuirtear acmhainní teoranta in údaráis náisiúnta um cheadú in iúl go tráthrialta mar cheann de na príomhthosca a chuireann le moilleanna ar nósanna imeachta ceadaithe. Thairis sin, is minic a éilíonn nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite ceadanna iomadúla arna ndámhachtain ag údaráis éagsúla (go comhthreomhar nó ina dhiaidh sin) agus is bac tábhachtach é an easpa sásraí comhordúcháin a chuireann moill ar nósanna imeachta. Tá acmhainní digiteacha chun iarratais a phróiseáil tearcfhorbartha agus tearcúsáidte ag na húdaráis agus bíonn mearbhall agus neamhéifeachtúlachtaí ann mar thoradh ar an easpa comhtháthaithe i measc uirlisí ceadaithe digiteacha éagsúla a úsáideann údaráis iomadúla um cheadú, rud a chuireann bac ar fhorfheidhmiú sprioc-amanna dlíthiúla. D’fhéadfadh rochtain neamhleor ar shonraí ábhartha comhshaoil agus geolaíocha a bheith ina bacainn ar thionscnóirí tionscadail agus iarratais ar chead comhshaoil á n-ullmhú acu le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus le haghaidh tionscadail bonneagair eangaí agus stórála. Thairis sin, tá raon feidhme cúng ag na rialacha ceadaithe maidir le stóráil leictreachais faoin RED athbhreithnithe, nach gcumhdaítear leo ach stóráil chomhshuite seachas stóráil i gcoitinne nó hibridiú tionscadal d’ainneoin go bhfuil ról níos tábhachtaí acu maidir le solúbthacht an chórais. Ar an gcaoi chéanna, tá castachtaí agus moilleanna míchuí á gcruthú de dheasca easpa soiléireachta maidir le ceadú do stáisiúin athluchtaithe le haghaidh leictrea-shoghluaisteachta. Is é is aidhm don togra aghaidh a thabhairt ar na scrogaill a sainaithníodh

[12] Bailiú faisnéise agus sonraí maidir le cur chun feidhme na Treorach athbhreithnithe maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) (2011/92/AE) arna leasú le 2014/52/AE, tuarascáil chríochnaitheach ó Milieu, COWI agus Eunomia don Choimisiún Eorpach, Márta 2024, lch. 25

[13] https://energy.ec.europa.eu/news/commission-collects-views-preparation-european-grids-package-2025-05-13_en

sna nósanna imeachta ceadaithe atá roimh thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus roimh bhonneagar fuinnimh amhail eangacha leictreachais agus gáis, saoráidí stórála agus stáisiúin athluchtaithe, atá ríthábhachtach chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras fuinnimh, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

1.Sprioc-amanna a laghdú agus moilleanna nach gá sa phróiseas ceadaithe a sheachaint;

2.Lena n-áirítear forálacha ó Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle le modhnuithe spriocdhírithe;

3.Solúbthacht spriocdhírithe bhreise a thabhairt isteach i gcur i bhfeidhm rialacha comhshaoil

4.Córas ceadaithe a thabhairt isteach le haghaidh eangacha leictreachais ar leibhéal an Aontais a chuireann leis an gcur chuige maidir le sócmhainní gáis agus hidrigine a cheadú sa Treoir maidir leis an Margadh Gáis agus a ailíníonn le creat na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus Rialachán GTE-F.

5.Comhsheasmhacht an chórais ceadaithe fhoriomláin a áirithiú ar leibhéal an Aontais trí leasú a dhéanamh ar an gcóras ceadaithe is infheidhme maidir le sócmhainní hidrigine chun ailíniú leis an gcóras ceadaithe is infheidhme maidir le bonneagar leictreachais.

Áirítear leis an togra seo leasuithe teoranta spriocdhírithe ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, leasuithe a bhfuil géarghá leo chun cuspóirí an togra a bhaint amach. Tá tuilleadh modhnuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Threoir (AE) 2018/2001 go hiomlán lasmuigh de raon feidhme agus d'aidhmeanna an togra seo. Féadfar measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis na modhnuithe sin, de réir mar is iomchuí, i gcomhthéacs ullmhú an tionscnaimh maidir leis an gcreat fuinnimh in-athnuaite, mar chuid de phacáiste an Aontais Fuinnimh le haghaidh na 10 mbliana amach romhainn, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le clár oibre 2026 an Choimisiúin. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil ar bhealach cuiditheach leis na comhreachtóirí, chun a áirithiú go gcaomhnóidh an próiseas reachtach maidir leis an togra seo a chuspóir fíor-riachtanach go hiomlán agus nach ndéanfaidh sé é a shaobhadh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Eascraíonn an togra seo as gealltanas an Choimisiúin sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne[14] Pacáiste um na hEangacha Eorpacha a mholadh ina mbeidh bearta reachtacha agus neamhreachtacha chun, i measc nithe eile, cuíchóiriú a dhéanamh ar cheadú do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, eangacha, bonneagar stórála, agus stáisiúin athluchtaithe do charranna agus do thrucailí.

Tá an togra comhsheasmhach freisin le cur chun feidhme na mbeart ceadaithe atá ann cheana faoin RED athbhreithnithe, lena n-áirítear a dtrasuí a sheiceáil agus cúnamh a thabhairt do na Ballstáit iad a chur chun feidhme go héifeachtach. Chun cur chun feidhme iomchuí dea-chleachtas ceadaithe agus trasuí tráthúil an RED leasaithe a áirithiú, cuireadh tacar cuimsitheach gníomhaíochtaí (plean cur chun feidhme Accele-RES) i bhfeidhm agus

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne Leas a bhaint as fíorluach ár nAontais Fuinnimh chun fuinneamh glan éifeachtúil inacmhainne a sholáthar do mhuintir uile na hEorpa COM(2025)79 final.

neartaíodh a thuilleadh é mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um Chumhacht Ghaoithe. Áiríodh leis sin malartú dea-chleachtas i bhfóraim éagsúla, tacaíocht dhéthaobhach do na Ballstáit, uirlis ceist & freagra ar líne a chruthú agus a uasghrádú chun an RED a chur chun feidhme, obair thrasuite leanúnach, moltaí agus treoraíocht a ghlacadh a bhaineann le pleanáil, ceadú agus reachtaíocht chomhshaoil, tacaíocht do na Ballstáit chun athchóirithe a cheadú faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI), tacaíocht d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe ceadaithe faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoi Ghlao 2024 agus 2025 ar an Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE. Mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, tá an Coimisiún ag leathnú phlean cur chun feidhme Accele-RES, agus leas iomlán á bhaint as acmhainneacht an Ghrúpa Saineolaithe maidir le ceadú agus as an nGníomhaíocht Chomhbheartaithe (CA-RES), agus an malartú maidir le dea-chleachtais agus sainaithint bacainní á threisiú, agus uasghrádú á dhéanamh ar an uirlis threorach ar líne maidir le tacaíocht TSI a cheadú agus a sholáthar.

Tá an togra comhsheasmhach leis an Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais ag tógáil ar an gcur chuige maidir le nósanna imeachta údaraithe le haghaidh nós imeachta um thoilleadh nua trí aithris a dhéanamh ar an gcur chuige a glacadh maidir le nósanna imeachta ceadaithe sa phacáiste hidrigine agus gáis dhícharbónaithe,[15] agus an deis a thapú san am céanna dlús breise a chur le ceadú tionscadal chun líonraí tarchuir agus dáileacháin a athchóiriú, a nuachóiriú nó a athchumhachtú.

Tá an togra comhsheasmhach freisin i dtéarmaí leasuithe ar nósanna imeachta ceadaithe a tugadh isteach i bpacáiste na Treorach maidir leis an Margadh Gáis, nach gcuirtear i láthair ann ach leasuithe incriminteacha nár cheart tionchar a bheith acu ar thrasuí na mbeart a áiríodh sa phacáiste ar dtús.

Tá an togra comhsheasmhach freisin leis an gcóras ceadaithe le haghaidh tionscadail bhonneagair leasa choitinn agus chomhleasa a roghnaítear faoi Rialachán GTE-F. Trí chóras ginearálta a sholáthar do shócmhainní nach roghnaítear faoin Rialachán, cruthaítear leis an togra seo an creat luasghéaraithe ceadaithe foluiteach ar bhonn an chreata níos déine is infheidhme maidir le príomhthionscadail bhonneagair a shainaithnítear faoi Rialachán GTE-F.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach le cuspóir an Chomhaontaithe Ghlais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % faoi 2030 agus leis an oibleagáid faoin Dlí Aeráide Eorpach aeráidneodracht a bhaint amach in 2050 agus le cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan rochtain ar fhuinneamh inacmhainne a áirithiú do thionscal na hEorpa, billí fuinnimh a laghdú agus dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh ghlain agus na monaraíochta, lena n-áirítear PTF chun 100 GW de thoilleadh leictreachais in-athnuaite a shuiteáil in aghaidh na bliana suas le 2030.

Iarradh leis an tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa[16] go ndéanfaí próisis cheadaithe agus riaracháin a shimpliú agus a chuíchóiriú agus go mbeadh cur chuige straitéiseach comhordaithe ann maidir le forbairt bonneagair trasteorann idir an tAontas agus na Ballstáit. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún creat neartaithe a mholadh maidir le

[15] Go sonrach in Airteagal 8 de Threoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, IO L, 2024/1788.

[16] https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/draghi-report_en#paragraph_47059

pleanáil agus leathadh amach na n-eangach chun spriocanna an Aontais a chomhlíonadh. Sna Conclúidí uaithi an 16 Meitheamh 2025[17], d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún pacáiste um eangacha a mholadh ina mbeadh bearta chun, inter alia, rialacha an Aontais maidir le heangacha a shimpliú, riachtanais ar leibhéal an Aontais agus riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta a chomhtháthú, seachadadh tionscadal a áirithiú, sásraí éifeachtacha comhroinnte costas a fhorbairt le haghaidh tionscadail trasteorann leasa choitinn, agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tograí reachtacha breise chun dlús a chur le ceadú an bhonneagair fuinnimh.

Glacadh togra le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil agus iad a chuíchóiriú an [*xxxx*][18]. Cuirtear le chéile leis an togra sraith beart chun reachtaíocht chomhshaoil a shimpliú maidir le measúnuithe comhshaoil ar phleananna, ar chláir agus ar thionscadail a mhéid a bhaineann le digiteáil, rochtain ar shonraí, cuíchóiriú comhairliúchán poiblí agus díospóidí breithiúnacha. Na bearta atá beartaithe a bhaineann le reachtaíocht chomhshaoil faoin bPacáiste um na hEangacha, tá siad dírithe ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus bonneagair agus tá siad comhoiriúnach leis na bearta simplithe foriomlána a chuirtear chun cinn sa togra le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil agus iad a chuíchóiriú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar dhá bhunús dlí:

- Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena soláthraítear an bunús dlí chun bearta a mholadh chun cineálacha nua agus in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt agus chun feidhmiú an mhargaidh fuinnimh a áirithiú, ar spriocanna iad de bheartas fuinnimh an Aontais a leagtar amach in Airteagal 194(1), pointí (c) agus (a) CFAE.

Tá gá leis an mbunús dlí sin chun an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais agus an Treoir maidir leis an Margadh Gáis a leasú.

- Airteagal 192(1) CFAE, lena soláthraítear an bunús dlí do bheartas comhshaoil an Aontais. Tá gá leis an mbunús dlí sin chun oiriúnuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach ar rialacha sonracha comhshaoil den Aontas chun dlús a chur leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus bonneagair fuinnimh.

Baineann na bearta a chuirtear chun cinn sa togra seo leis na réimsí thuas. Is é is aidhm dóibh cur in úsáid agus comhtháthú níos tapúla fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn trí dhlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh giniúint in-athnuaite, líonraí tarchuir agus dáileacháin, tionscadail stáisiún stórála agus athluchtaithe. Baineann na bearta freisin le rialacha maidir le measúnuithe comhshaoil mar chuid de na gnéithe arb é is aidhm dóibh na nósanna imeachta sin a shimpliú agus dlús a chur leo.

[17] Comhairle an Aontais Eorpaigh, 10279/25
[18] [*tagairt don Rialachán maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil*]

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe comhtháthú fuinnimh in-athnuaite sa chóras fuinnimh a éascú trí nósanna imeachta ceadaithe maidir le giniúint in-athnuaite agus maidir le líonraí tarchuir agus dáileacháin, tionscadail stáisiún stórála agus athluchtaithe a shimpliú agus a ghiorrú. Comhlíonann na leasuithe atá beartaithe prionsabal na **coimhdeachta**, toisc go rannchuideoidh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais leis an sprioc sin ar bhealach níos éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta.

*An gá le gníomhaíocht ón Aontas*

Ní bheadh sé costéifeachtúil cuspóirí fuinnimh an Aontais a bhaint amach gan gníomhaíocht bhreise maidir le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite ar leibhéal an Aontais. Tá gá le cur chuige de chuid an Aontais chun na dreasachtaí cearta a sholáthar do na Ballstáit chun dlús a chur, ar bhealach comhordaithe, leis an aistriú fuinnimh i dtreo córas fuinnimh atá níos tíosaí ar fhuinneamh agus atá bunaithe den chuid is mó ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Tá forálacha sa RED athbhreithnithe cheana féin maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh, stóráil chomhshuite agus eangacha gaolmhara a cheadú. Thairis sin, tá foráil sa Treoir maidir leis an Margadh Gáis cheana féin maidir le nósanna imeachta údaraithe lena mbunaítear ceanglais maidir le sócmhainní gáis agus hidrigine a cheadú. Ar deireadh, tá foráil sa Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais i ndáil le nósanna imeachta údaraithe, ach ní chumhdaítear léi ach nósanna imeachta le haghaidh toilleadh nua. Tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun an creat rialála sin a fheabhsú a thuilleadh ar bhealach comhordaithe, lena dtabharfar nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, d'eangacha, do stáisiúin stórála agus athluchtaithe, lena n-áiritheofar ailíniú i measc na mBallstát agus dea-fheidhmiú an Aontais Fuinnimh. Agus na beartais fuinnimh éagsúla i measc na mBallstát á gcur san áireamh, is mó seans go mbainfear amach sprioc aeráide an Aontais agus an méadú is gá ar chur in úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, le tacaíocht ó chreat láidir rialála, ná le gníomhaíocht náisiúnta nó gníomhaíocht áitiúil amháin.

*Breisluach Eorpach*

Tá breisluach ag baint le gníomhaíocht an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite faoin RED athbhreithnithe, agus maidir le heangacha faoin Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais agus faoin Treoir maidir leis an Margadh Gáis, toisc go bhfuil sí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ná gníomhaíochtaí na mBallstát aonair, rud a sheachnaíonn cur chuige ilroinnte trí aghaidh a thabhairt ar aistriú chóras fuinnimh an Aontais ar bhealach comhordaithe. Le gníomhaíocht ón Aontas, áirithítear laghdú glan ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar thruailliú, cosnaítear an bhithéagsúlacht, baintear leas as tairbhí an mhargaidh inmheánaigh, baintear leas iomlán as na buntáistí a bhaineann le barainneachtaí scála agus comhar teicneolaíoch san Eoraip, agus tugtar cinnteacht d'infheisteoirí i gcreat rialála uile-Aontais. Trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais i gcomhar le gníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát, is féidir dul i ngleic le roinnt bacainní ar infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha trí ghníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil a fhorlíonadh agus a threisiú.

Ní fhéadfaí aidhm an togra a bhaint amach a mhéid céanna le bearta náisiúnta. San am céanna, tugann sé lánrogha leathan do na Ballstáit mionsonraí a gcreataí ceadaithe a rialáil. Tá cur chuige ón mbarr anuas i gceist leis an togra ach coinníonn sé freisin inniúlachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus neartaíonn sé iad agus, dá bhrí sin, meastar go n-urramaíonn sé prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an tionscnamh i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. I bhfianaise na staide geopholaitiúla leanúnaí a cruthaíodh le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus an ghá atá leis an tslándáil fuinnimh agus iomaíochas an Aontais a mhéadú, is léir go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun dlús a chur le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus, dá bhrí sin, le cur in úsáid líonraí leictreachais agus saoráidí táirgthe hidrigine agus bhonneagar an chórais hidrigine. Rannchuidíonn na bearta atá beartaithe le feabhas a chur ar fhorbairt níos gasta agus níos spriocdhírithe ar bhonneagar fuinnimh, ar fhuinneamh in-athnuaite, ar stáisiúin stórála agus athluchtaithe go héifeachtach, gan costais mhóra a fhorchur ar oibreoirí córais / tionscnóirí tionscadail agus ar na Ballstáit, ar Údaráis Rialála Náisiúnta agus ar an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh. Meastar gurb iomchuí an chothromaíocht a bhaintear amach sa togra idir oibleagáidí agus solúbthacht a fhágtar faoi na Ballstáit maidir leis an gcaoi ar féidir na cuspóirí a bhaint amach i bhfianaise a riachtanaí atá sé spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach agus i bhfianaise chuspóir na haeráidneodrachta a leagtar síos sa Dlí Aeráide Eorpach chomh maith leis an bpráinn a bhaineann le spleáchas fuinnimh agus praghsanna fuinnimh an Aontais araon a laghdú.

Tá an leasú seo ar Threoir (AE) 2018/2001 teoranta don mhéid a mheastar a bheith riachtanach chun na nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú agus a chuíchóiriú a thuilleadh maidir le giniúint in-athnuaite, líonraí tarchuir agus dáileacháin, tionscadail stáisiún stórála agus athluchtaithe agus chun dlús a chur le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite agus lena chomhtháthú. Maidir le pleanáil bonneagair, tá athruithe ar Threoir (AE) 2019/944 teoranta d'Airteagal aonair, a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bplean forbartha gréasáin 10 mbliana uile-Aontais, agus dá bhrí sin le hathruithe gaolmhara ar Rialachán GTE-F. Is é is aidhm do na hathruithe na naisc idir an Treoir agus Rialachán GTE-F a shoiléiriú agus an fhoclaíocht a ailíniú leis na hathruithe a rinneadh leis an bpacáiste Gáis (Treoir (AE) 2024/1788).

Áiríodh roinn shonrach na comhréireachta freisin sa mheasúnú tionchair (roinn 7.4) le haghaidh na roghanna uile a cuireadh san áireamh. Tá an togra bunaithe ar Rogha Beartais 2 a mheastar a bheith comhréireach le cineál na faidhbe trí dhíriú ar na próisis reatha a chuíchóiriú agus uirlisí nua substainteacha a chur ar fáil a mheastar a bheith éifeachtach chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is Treoir é an togra seo lena leasaítear na Treoracha seo a leanas:

– Treoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, lena neartaítear forálacha na Treorach sin a bhaineann le ceadú (Airteagail 2, 15c agus 15d agus 16-17).
– Treoir 2019/944/AE maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas, lena neartaítear an fhoráil maidir le nósanna imeachta údaraithe (Airteagal 8) le bearta tiomnaithe luasghéaraithe ceadaithe agus lena dtugtar isteach bearta maidir le réitigh mhalartacha a shainaithint agus bearta cúitimh a úsáid agus maolú dá bhforáiltear i dTreoir 92/43/CEE, i dTreoir 2000/60/CE agus i dTreoir 2009/147/CE á chur i bhfeidhm (Airteagal 8a).
– Treoir 2024/1788/AE maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, gás nádúrtha agus hidrigin, lena n-áirithítear

comhsheasmhacht idir a foráil maidir le nósanna imeachta údaraithe (Airteagal 8) agus foráil Threoir 2019/944/AE.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Mar thoradh ar chineál spriocdhírithe na leasuithe atá beartaithe agus an leasú a rinneadh le déanaí ar Threoir (AE) 2018/2001 in 2023, níorbh fhéidir aon mheastóireacht ex post a dhéanamh. Bhí tuarascáil cur chun feidhme sa Mheasúnú Tionchair lena ndírítear ar na príomhfhorálacha ceadaithe atá mar chuid den togra seo freisin. Socraíodh an sprioc-am do na Ballstáit chun forálacha pleanála agus forálacha a bhaineann le ceadú na Treorach seo a thrasuí den chuid is mó do mhí Iúil 2024, ach do mhí na Bealtaine 2025 (Airteagail 15b, 15c agus 16a) freisin, agus socraíodh dáta cur chun feidhme chun Dlúslimistéir Fuinnimh In-athnuaite a ainmniú faoin 21 Feabhra 2026. Dá bhrí sin, áiríodh sa tuarascáil réamhthorthaí a bailíodh trí chonarthaí leanúnacha maidir le trasuí agus cur chun feidhme an chreata ceadaithe. Léiríonn an t-aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, fiú sna Ballstáit inar trasuíodh an creat atá ann cheana agus ina gcuirtear chun feidhme é, go bhfuil scrogaill fós ann a chuireann bac ar cheadú agus ar chur in úsáid tapa. Is é sin an fáth a mbaineann na bearta atá beartaithe go príomha le saincheisteanna nár tugadh aghaidh orthu, nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach i leasú 2023, rud a chomhlánaíonn na bearta atá ann cheana, le hathruithe teoranta i bhformhór na gcásanna ar an gcreat atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí oscailte cuimsitheach ar líne idir an 13 Bealtaine agus an 5 Lúnasa 2025 ar an suíomh gréasáin 'Cloisimis Uait'. Cumhdaíodh na hábhair seo a leanas leis an gcomhairliúchán: i) feidhmiú ginearálta Rialachán GTE-F, ii) pleanáil bonneagair an Aontais, iii) pleanáil líonra leictreachais ar an leibhéal náisiúnta, iv) toilleadh óstála eangaí leictreachais, v) ceadú, vi) infheistíochtaí i mbonneagar eangaí, vii) slabhraí soláthair, viii) digiteáil agus athléimneacht, agus ix) simpliú.

Fuarthas 197 bhfreagra san iomlán ar an gcomhairliúchán. Ina theannta sin, fuarthas 2 ríomhphost trí bhosca ríomhphoist feidhmiúil le haghaidh an chomhairliúcháin. Fuarthas 197 bhfreagra ar gach ceist ilrogha sa chomhairliúchán poiblí oscailte, rud a fhágann gur fhreagair gach freagróir gach ceist. I gcás roinnt ceisteanna, cuireadh ceist ar fhreagróirí ar scála cúig phointe a mhéid a d'aontaigh siad nó a d'easaontaigh siad le ráitis. I measc roghanna an scála bhí i) Easaontaím go láidir ii) Easaontaím beagán, iii) Neodrach, iv) Aontaím beagán, v) Aontaím go láidir. Tugadh rogha 'níl a fhios agam' freisin.

Thart ar aon trian de na freagróirí (34 %; cuideachtaí 36 %, comhlachais ghnó 37 %, eagraíochtaí neamhrialtasacha 14 %, údaráis phoiblí 10 %), thuairiscigh siad nach bhfuil na forálacha ceadaithe i rialachán GTE-F soiléir ná éasca le cur chun feidhme, agus bhí 16 % díobh neodrach agus níl 34 % díobh cinnte. Thacaigh formhór mór 83 % (cuideachtaí 92 %, comhlachais ghnó 83 %, eagraíochtaí neamhrialtasacha 29 %, údaráis phoiblí 70 %) le measúnuithe comhshaoil a shimpliú agus a chuíchóiriú (gan ach 5 % díobh neodrach agus 5 % díobh gan a bheith cinnte). Ar an gcaoi chéanna, d'aontaigh 82 % de na freagróirí (cuideachtaí 83 %, comhlachais ghnó 81 %, eagraíochtaí neamhrialtasacha 79 %, údaráis phoiblí 80 %) gur

cheart nósanna imeachta ceadaithe a dhigiteáil go hiomlán (gan ach 7 % díobh neodrach agus 9 % díobh gan a bheith cinnte). Ina theannta sin, d'aontaigh 77 % de na freagróirí (cuideachtaí 78 %, comhlachais ghnó 85 %, eagraíochtaí neamhrialtasacha 50 %, údaráis phoiblí 70 %) gur cheart sprioc-amanna chun líonraí a cheadú a ghiorrú nó a bhunú i gcás ina bhfuil siad ar iarraidh, gan ach 7 % díobh neodrach agus 9 % díobh gan a bheith cinnte.

Thairis sin, d'aontaigh 64 % de na freagróirí gur cheart nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh sócmhainní stórála a shimpliú (cuideachtaí 59 %, comhlachais ghnó 81 %, eagraíochtaí neamhrialtasacha 50 %, údaráis phoiblí 70 %), agus 13 % díobh neodrach agus 18 % díobh gan a bheith cinnte. Thacaigh beagán níos mó díobh (69 %) le nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú do thionscadail líonraí dáileacháin, do thionscadail in-athnuaite ar mhionscála, agus do ghníomhaíochtaí amhail athrú cuspóra, athchóiriú agus athchumhachtú (cuideachtaí 67 %, comhlachais ghnó 80 %, eagraíochtaí neamhrialtasacha 50 %, údaráis phoiblí 60 %), agus 8 % díobh neodrach agus 19 % díobh gan a bheith cinnte. Thairis sin, d'aontaigh 71 % díobh gur cheart nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail hibrideacha (iad siúd lena gcomhcheanglaítear teicneolaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear stóráil) agus réitigh nuálacha eile a shimpliú (cuideachtaí 72 %, comhlachais ghnó 85 %, eagraíochtaí neamhrialtasacha 43 %, údaráis phoiblí 60 %), agus 11 % díobh neodrach agus 14 % díobh gan a bheith cinnte.

San am céanna, tionóladh dhá Idirphlé phoiblí maidir le Cur Chun Feidhme, ceann amháin maidir le measúnuithe comhshaoil agus ceadú ag an gCoimisinéir Jessika Roswall[19] agus ceann eile maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar gaolmhar a cheadú ag an gCoimisinéir Jørgensen[20]. Sa dá idirphlé, tharraing páirtithe leasmhara aird ar an ngá atá le ceadú a shimpliú agus go sonrach i ndáil le measúnuithe comhshaoil, chomh maith leis an ngá atá le dlús a chur leis na hiarrachtaí chun reachtaíocht reatha an Aontais a chur chun feidhme agus chun dea-chleachtais a scaipeadh. San idirphlé maidir le cur chun feidhme arna reáchtáil ag an gCoimisinéir Jørgensen, cuireadh i dtábhacht freisin an gá atá le **nósanna imeachta a shimpliú** a thuilleadh (go háirithe i gcás tionscadail ar mhionscála, stóráil agus athchumhachtú), prionsabal an **leasa phoiblí sháraithigh** a leathnú, **díolúintí spriocdhírithe** ó reachtaíocht shonrach an Aontais, dlús a chur le **digiteáil** na bpróiseas ceadaithe agus feabhas a chur ar **infhaighteacht sonraí**.

Thairis sin, i dtuarascáil a foilsíodh le déanaí maidir le staid na réigiún agus na gcathracha[21], ceann d'éilimh na réigiún agus na gcathracha ar an Eoraip ba ea dlús a chur le foinsí in-athnuaite fuinnimh a cheadú agus chuir siad in iúl go bhfuil moilleanna riaracháin ar cheann de na príomhbhacainní ar chur in úsáid tráthúil atá fós ann. San am céanna, d'iarr siad go bhforbrófaí córas ceadaithe digiteach comhchuibhithe ar fud an Aontais, rud a chreideann siad a laghdaíonn maorlathas agus a thacaíonn le formheasanna áitiúla níos tapúla, rud atá ag teacht lenár dtogra maidir leis na nósanna imeachta ceadaithe a dhigiteáil agus a lárú a thuilleadh.

Deimhníodh leis na freagraí sin gur gá gníomhaíocht a dhéanamh chun nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú agus chun dlús a chur leo. Léirítear an t-aiseolas a fuarthas go maith sa togra lena dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna thuas ar léirigh sciar ard freagróirí go bhfuil gá leis an bpróiseas ceadaithe a shimpliú, a luathú agus a dhigiteáil.

---

[19] Idirphlé Cur Chun Feidhme maidir le measúnuithe comhshaoil agus ceadú - An Comhshaol

[20] Idirphlé cur chun feidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar gaolmhar a cheadú leis an gCoimisinéir Jørgensen - An Coimisiún Eorpach

[21] Coiste Eorpach na Réigiún, 'Tuarascáil bhliantúil 2025 maidir le Staid na Réigiún agus na gCathracha' (Deireadh Fómhair 2025): Staid na Réigiún agus na gCathracha san Aontas Eorpach | Coiste Eorpach na Réigiún

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinne an Coimisiún an anailís sin trí úsáid a bhaint as bealaí éagsúla faisnéise. Rinneadh anailís doiciméad dlí agus beartais mar ullmhúchán don Tuarascáil ar Chur Chun Feidhme atá i gceangal leis an Measúnú Tionchair. Ar an gcéad dul síos, shonraigh an Coimisiún freisin taithí na mBallstát maidir leis na forálacha a bhaineann le ceadú a chur chun feidhme faoin Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, a bailíodh trí bhíthin staidéar tiomnaithe ar *Technical support for RES policy development and implementation – Simplification of permission and administrative procedures for RES installations (RES Simplify)* [Tacaíocht theicniúil d'fhorbairt agus do chur chun feidhme bheartas maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite – Nósanna imeachta ceadaithe agus riaracháin le haghaidh suiteálacha foinsí fuinnimh in-athnuaite a shimpliú (Simpliú RES)][22] a foilsíodh i mí Aibreáin 2023. Sa bhreis ar na doiciméid reachtacha ábhartha, ba í an phríomhfhoinse obair an Choimisiúin féin maidir le cur chun feidhme na coda ceadaithe den RED athbhreithnithe, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin na seiceálacha trasuí. Rinneadh achoimre ar dhul chun cinn na seiceálacha trasuí i mí an Mheithimh 2025 tríd an gCéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin faoi shainchúram an chonartha shonraigh atá ar siúl faoi láthair, *Legal assistance to check Member States' transposition of the amending Directive (EU) 2023/2413 of the European Parliament and of the Council of 18 October 2023* [Cúnamh dlíthiúil chun seiceáil a dhéanamh ar thrasuí na mBallstát ar Threoir leasaitheach (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023]. Thairis sin, cuireadh san áireamh leis an anailís torthaí an staidéir leanúnaigh *Monitoring progress of measures to streamline permit-granting procedures under revised RED and Emergency Regulation and development of permitting-related KPIs* [Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mbeart chun nósanna imeachta um dheonú ceadanna a chuíchóiriú faoin RED athbhreithnithe agus faoin Rialachán Éigeandála agus PTFanna a bhaineann le ceadú a fhorbairt], agus a Chéad Tuarascáil Eatramhach a fuair an Coimisiún i mí Iúil 2025, chomh maith leis an staidéar ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún maidir le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna[23]. Ina theannta sin, le toradh an phlé a rinneadh ó mhí Aibreáin 2023 i 6 chruinniú den ghrúpa saineolaithe um cheadú fuinnimh in-athnuaite agus imeacht páirtithe leasmhara amháin, toradh an phlé maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ceadaithe sa Ghníomhaíocht Chomhbheartaithe maidir leis an RED (CA-RES[24]), chomh maith le Conclúidí an Idirphlé Cur Chun Feidhme leis an gCoimisinéir Jørgensen maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus bonneagair ghaolmhara a cheadú ó mhí an Mheithimh 2025[25], forlíonadh an Tuarascáil seo. Thairis sin, a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta ceadaithe is infheidhme maidir le bonneagair fuinnimh, rinneadh measúnú orthu sin mar chuid de *Study on national permit granting*

22 Tá an tuarascáil chríochnaitheach le fáil anseo: *Technical support for RES policy development and implementation – simplification of permission and administrative procedures for RES installations (RES Simplify)* [Tacaíocht theicniúil d'fhorbairt agus do chur chun feidhme bheartas RES – Simpliú nósanna imeachta ceadaithe agus riaracháin le haghaidh suiteálacha foinsí fuinnimh in-athnuaite (RES Simplify)] - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

23 An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh, COWI, Eclareon agus Prognos, *Monitoring the implementation of the Commission recommendation and guidance on speeding up permit-granting procedures for renewable energy and related infrastructure projects* [Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an mholta ón gCoimisiún agus treoir maidir le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus tionscadail bhonneagair ghaolmhara] – Tuarascáil chríochnaitheach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2833/2257747

24 www.ca-res.eu

25 Féach fonóta 18

*process applicable to energy transmission infrastructure projects with a focus on projects of common interest and projects of mutual interest under Chapter III of Regulation (EU) 2022/869* [Staidéar ar an bpróiseas náisiúnta um dheonú ceadanna is infheidhme maidir le tionscadail bonneagair tarchuir fuinnimh agus béim á leagan ar thionscadail leasa choitinn agus ar thionscadail chomhleasa faoi Chaibidil III de Rialachán (AE) 2022/869] a rinne an Coimisiún conradh ina leith agus a foilsíodh go luath in 2025[26]. Sainaithníodh leis an staidéar sin bearnaí nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun creat ceadaithe aontaithe agus éifeachtúil a éascú lena dtacaítear le tionscadail bhonneagair fhíor-riachtanacha a chur in úsáid go tráthúil, i measc easnaimh eile a bhaineann le measúnuithe comhshaoil, soiléireacht nósanna imeachta agus glacadh an phobail.

- **Measúnú tionchair**

Ullmhaíodh measúnú tionchair le haghaidh an togra seo agus fuarthas tuairim dhearfach lena raibh barúlacha ó BGR (BGR/RM/cdd – bgr(2025)9584707).

Rinneadh measúnú ar thrí rogha (féach an tábla thíos):

| | | |
|---|---|---|
| Nósanna imeachta ceadaithe a ghiorrú agus a shimpliú le haghaidh bonneagar fuinnimh, tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus stórála, chomh maith le stáisiúin athluchtaithe | C.1 | Tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana agus treoraíocht a eisiúint |
| | C.2 | Athruithe reachtacha spriocdhírithe chun dlús a chur leis an gceadú |
| | C.3 | Córas comhordaithe ceadaithe láraithe ar fud an Aontais le haghaidh tionscadail bhonneagair fuinnimh áirithe ar mórscála (‘28ú Córas’) |

Is éard atá i gceist le beart C.2 arb é an rogha thosaíochta agus an bunús leis an togra seo leasuithe reachtacha chun nósanna imeachta ceadaithe a luathú agus a shimpliú a thuilleadh le haghaidh líonraí tarchuir agus dáileacháin áitiúla trasteorann, náisiúnta chomh maith le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus stórála agus stáisiúin athluchtaithe. D’fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh leis na leasuithe sin: (1) creat ar leibhéal an Aontais a bhunú chun dlús a chur le ceadú tionscadal dáileacháin, tarchuir agus stórála agus stáisiún athluchtaithe lena n-áirítear ailíniú leis na forálacha ceadaithe ar leibhéal an Aontais is infheidhme maidir le bonneagar hidrigine agus iad a neartú a thuilleadh; (2) athruithe a thabhairt isteach sa RED athbhreithnithe agus (3) measúnuithe comhshaoil is infheidhme maidir le sócmhainní fuinnimh a shimpliú agus a chuíchóiriú; tionscadail áirithe a dhíolmhú ó mheasúnuithe áirithe nó ó ghnéithe áirithe díobh mar thoradh ar a saintréithe.

[26] An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh, Milieu, Bruggeman, V., Vona, L., Moreira, G. et al., *Study on national permit granting process applicable to energy transmission infrastructure projects with a focus on projects of common interest and projects of mutual interest under Chapter III of Regulation (EU) 2022/869 – Overview report* [Staidéar ar an bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta is infheidhme maidir le tionscadail bonneagair tarchurtha fuinnimh agus béim á leagan ar thionscadail leasa choitinn agus ar thionscadail chomhleasa faoi Chaibidil III de Rialachán (AE) 2022/869 – Tuarascáil forléargais], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, **https://data.europa.eu/doi/10.2833/2566900**

Caitheadh an rogha BAU i dtraipisí mar rogha beartais ag céim luath toisc go leanfadh na fadhbanna a sainaithníodh ar aghaidh nó go dtiocfadh méadú orthu agus, dá bhrí sin, chuirfí cosc ar na cuspóirí sainaitheanta a bhaint amach. I gcomparáid le rogha 1 agus rogha 3, measadh gurbh fhearr rogha 2 maidir le tionchair, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, coimhdeacht agus comhréireacht. Sainaithníodh na tionchair seo a leanas:

Tionchar Eacnamaíoch

Trí chreat soiléir a chruthú le sprioc-amanna nithiúla níos giorra agus nósanna imeachta níos simplí chun tionscadail foinsí fuinnimh in-athnuaite, eangacha agus stáisiúin stórála agus athluchtaithe a fhorbairt, bheadh aga tionscanta níos giorra do thionscadail mar thoradh ar an togra agus, ar an gcaoi sin, bheadh tairbhí dearfacha eacnamaíocha ag baint leis. Tacaítear leis sin leis an taithí ar bhearta ceangailteacha agus roghnacha a chur chun feidhme chun dlús a chur leis an gceadú mar a tugadh isteach leis an Rialachán Éigeandála. Bhain an Ghearmáin úsáid fhorleathan as na bearta sa Rialachán seo, rud a d’fhág gur cuireadh dlús mór leis an gceadú. Trí aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna ar chur chun feidhme tionscadal, meastar go nginfear tairbhí i dtéarmaí praghsanna mórdhíola leictreachais laghdaithe foriomlána agus go gcuirfear leis an leas iomlán.

An tIomaíochas

Go ginearálta, más féidir leis an Eoraip nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe a ghiorrú go mór, chomh maith le tairbhí eacnamaíocha díreacha a bhaint amach, d’fhéadfaí feabhas a chur ar a staid iomaíoch i leith iomaitheoirí díreacha freisin, e.g. trí leictriú costéifeachtach an tionscail.

Digiteáil

Leis an togra, cheanglófaí ar na Ballstáit a nósanna imeachta um cheadú a dhigiteáil a thuilleadh trí uirlisí digiteacha a chomhtháthú agus ardáin a chruthú, lena dtabhairt cothrom le dáta go leanúnach le sonraí ábhartha agus a bhfoireann a uas-sciliú chun na gnéithe digiteacha nua a láimhseáil.

Ualach riaracháin

Tá sé ina cheanglas de chuid na mbeart faoin togra go gcuirfidh údaráis náisiúnta agus áitiúla chun feidhme iad, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: an fhoireann, na scileanna agus na huirlisí uile is gá a thabhairt do na húdaráis cheadaithe chun déileáil leis an líon méadaitheach iarrataí ar cheadú, na hamlínte ceadaithe brostaithe agus simpliú nósanna imeachta um cheadú le haghaidh tionscadail agus athchumhachtú áirithe, ardáin agus uirlisí digiteacha a chruthú don phróiseas ceadaithe agus chun scéimeanna comhroinnte tairbhí a dhearadh le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite agus nósanna imeachta nua mar phointí teagmhála aonair le haghaidh bonneagar tarchuir agus dáileacháin leictreachais i gcoitinne agus i stáisiúin stórála agus athluchtaithe, nach gcumhdaítear leis an RED athbhreithnithe. Mar sin féin, bheadh coigilteas ó nósanna imeachta cuíchóirithe, níos simplí agus níos tapúla sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar thoradh ar an éifeacht chostais ghearrthéarmach sin.

Iarmhairtí Sóisialta

Bearta breise a mholadh lena neartófar rannpháirtíocht luath agus éifeachtach an phobail agus lena gcothófar tacaíocht phoiblí do thionscadail fuinnimh in-athnuaite. Áirítear go sainráite

leis na bearta forálacha arb é is aidhm dóibh cur le rannpháirtíocht phoiblí agus, dá bhrí sin, cur le glacadh sóisialta le tionscadail fuinnimh in-athnuaite. Trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta atá ann faoi láthair maidir le glacadh an phobail le tionscadail fuinnimh in-athnuaite, beidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an deis bearta a thabhairt isteach a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí go díreach nó go hindíreach, e.g. scéimeanna comhroinnte tairbhí agus cruthú post.

Tionchair Chomhshaoil

Tá sé ríthábhachtach forbairt bonneagar fuinnimh a áirithiú, go háirithe eangacha leictreachais, chun cur le sciar na giniúna fuinnimh in-athnuaite atá comhtháite sa mheascán fuinnimh, rud a chuirfidh cosc ar chaillteanais chomhshaoil de dheasca ciorraithe. Le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, beifear in ann srian a chur le húsáid breoslaí iontaise lena laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, ar an gcaoi sin, aghaidh a thabhairt ar dhá phríomhchúis le cailliúint na bithéagsúlachta: an t-athrú aeráide agus truailliú aeir. Áirítear leis an togra bearta arb é is aidhm dóibh ceadanna níos tapúla agus, dá bhrí sin, cur in úsáid níos tapúla agus níos forleithne a bhaint amach, rud a bhaineann le níos mó spáis a úsáid agus, dá bhrí sin, a bhfuil tionchar acu ar an gcomhshaol, ach tá siad ceaptha gan an leibhéal cosanta comhshaoil a laghdú.

Baineann tionchair ábhartha ar an gcomhshaol nádúrtha agus ar an gcomhshaol de dhéantús an duine le níos mó ná astaíochtaí GCT agus neamh-CO2. Braitheann na tionchair sin go mór ar an teicneolaíocht a úsáidtear agus ar shuíomh na sócmhainní agus ar stádas comhshaoil an fhána agus an fhlóra máguaird. Tugtar aghaidh ar na tionchair sin, áfach, i ndearadh na mbeart atá beartaithe trí choimircí a thabhairt isteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon nasc idir an togra agus REFIT, ach tá bearta ann a bhfuil tionchar dearfach acu ó thaobh simplithe agus éifeachtúlachta feabhsaithe, amhail sprioc-amanna ceadaithe a ghiorrú, an próiseas a shimpliú agus an creat atá ann cheana a shoiléiriú, agus an t-ualach riaracháin ar thionscnóirí a laghdú. Tá an togra réidh don idirlíon agus iomchuí don timpeallacht fhisiceach agus don timpeallacht dhigiteach araon. Tá bearta ann chun digiteáil na nósanna imeachta ceadaithe a chur chun cinn chomh maith le bailiú agus scaipeadh faisnéise agus sonraí a bhaineann leis an gcomhshaol atá riachtanach chun measúnuithe agus údaruithe ábhartha a thabhairt i gcrích. Déanfaidh na huirlisí digiteacha sin na nósanna imeachta a lárú freisin sa chaoi go n-éascófar rochtain ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí. Leis na réitigh dhigiteacha sin uile, cuirfear saincheisteanna cosanta sonraí agus cibearshlándála san áireamh i gcomhréir le beartais fhoriomlána an Aontais.

- **Cearta bunúsacha**

Maidir le comhsheasmhacht leis an gCairt um Chearta Bunúsacha, is é aidhm uileghabhálach an athbhreithnithe seo na nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh bonneagar fuinnimh amhail eangacha, stáisiúin stórála agus athluchtaithe, agus le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, a shimpliú agus a chuíchóiriú, chun comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá sé sin go hiomlán i gcomhréir le hAirteagal 37 den Chairt faoinar gá ardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais agus a áirithiú i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon chostas breise ag gabháil leis an togra seo do bhuiséad an Aontais. Ní dhéantar foráil ach maidir le roinnt riachtanas buiséid le haghaidh staidéir chun tacú leis na seiceálacha trasuí.

Leasaítear leis an togra seo Treoir atá ann cheana maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn, agus meastar, dá bhrí sin, go mbeidh an tionchar riaracháin agus na costais ar na Ballstáit measartha, ós rud é go bhfuil formhór na struchtúr agus na rialacha is gá i bhfeidhm. Beidh costais ar na Ballstáit maidir leis an oibleagáid nua a chur chun feidhme chun ardán digiteach láraithe a chruthú le haghaidh na gceadanna uile is gá chomh maith le bunú an éascaitheora, ach le himeacht ama laghdófar na hinfheistíochtaí sin ar chostais riaracháin agus ar an ualach oibre. Thairis sin, tá coinne leis go mbeidh coigilteas mór costais ann do na Ballstáit mar thoradh ar chuíchóiriú foriomlán na nósanna imeachta. Chuige sin, ní mór a chur san áireamh freisin go ndéanfar aon chostas a tharlaíonn mar thoradh ar an méadú breise ar chur in úsáid agus comhtháthú in-athnuaite a chothromú le tairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta eile amhail slándáil mhéadaithe an tsoláthair, trí bhreoslaí iontaise allmhairithe ó thríú tíortha a ionadú, agus athléimneacht níos fearr i gcoinne seach-iarmhairtí, agus san am céanna rannchuidiú leis an linn charbóin agus truailliú aeir a laghdú.

Leasaítear leis an togra seo freisin Treoracha atá ann cheana maidir leis an Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol, maidir le héin fhiáine agus gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú. Ní bheidh costais i gceist leis na hathruithe ar na Treoracha maidir le héin fhiáine agus gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú. As na leasuithe a thugtar isteach sa Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol, beidh roinnt costas ag baint leis an mbeart lena n-éilítear bunachar sonraí ina bhfuil na sonraí agus an fhaisnéis chomhshaoil ábhartha uile, cé go bhfuil bunachair sonraí den sórt sin ag roinnt Ballstát cheana féin. Maidir leis an gcuid eile de na hathruithe, meastar, dá bhrí sin, go mbeidh an tionchar riaracháin agus na costais riaracháin measartha, ós rud é go bhfuil formhór na struchtúr agus na rialacha is gá i bhfeidhm.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tar éis do na comhreachtóirí an Treoir leasaitheach seo a ghlacadh, le linn na tréimhse trasuite, déanfaidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí seo a leanas chun trasuí na Treorach a éascú:

  – Infhaighteacht le haghaidh cruinnithe déthaobhacha agus glaonna leis na Ballstáit i gcás ceist shonrach maidir le trasuí na Treorach.
  – Mínithe agus tacaíocht theicniúil a sholáthar do na Ballstáit tríd an uirlis ar líne atá ar fáil d'ionadaithe na mBallstát le haghaidh fiosruithe.
  – Moladh agus treoraíocht maidir le ceadú a thabhairt cothrom le dáta, más gá

Tar éis na sprioc-amanna don trasuí, déanfaidh an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar cé acu atá nó nach bhfuil an Treoir sin trasuite go hiomlán agus i gceart ag na Ballstáit.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Mar thoradh ar an rialú a thug an Chúirt Bhreithiúnais in *An Coimisiún* v *an Bheilg*, (cás C-543/17), ní mór do na Ballstáit faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a chur leis na fógraí a

thugann siad faoi bhearta náisiúnta trasuite, faisnéis lena sonraítear na forálacha sin den dlí náisiúnta lena dtrasuitear na forálacha de threoir. Ní mór an méid sin a dhéanamh maidir le gach oibleagáid, ní hamháin ag 'leibhéal na n-airteagal'. Má chomhlíonann na Ballstáit an oibleagáid sin, ní bheadh orthu, i bprionsabal, doiciméid bhreise mhíniúcháin maidir leis an trasuí a chur chuig an gCoimisiún.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasuithe ar Threoir (AE) 2018/2001 (Airteagal 1 den togra seo)

– Leasaítear Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/2001 chun roinnt sainmhínithe a thabhairt isteach.

– Leasaítear Airteagal 15c de Threoir (AE) 2018/2001 chun oibleagáid a thabhairt isteach ar na Ballstáit gan críocha móra a shainaithint i gcás nach féidir tionscadail fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil a priori ar chúiseanna comhshaoil, lena n-áirítear cosaint an tírdhreacha.

– Leasaítear Airteagal 15d de Threoir (AE) 2018/2001 chun bearta a thabhairt isteach do na Ballstáit chun a áirithiú go gcuirfear sciar de thairbhí na dtionscadal fuinnimh in-athnuaite ar aghaidh chuig saoránaigh agus pobail áitiúla agus go mbeidh oibleagáid ann éascaitheoir neamhspleách a ainmniú agus a mhaoiniú chun idirphlé idir an forbróir tionscadail agus an pobal i gcoitinne a chur chun cinn.

– Leasaítear Airteagal 16 de Threoir (AE) 2018/2001 chun oibleagáid a thabhairt isteach ar na Ballstáit tairseach aonair dhigiteach a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh na gcéimeanna uile sna nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, stórála agus eangaí. Beidh rochtain ag an tairseach sin freisin ar na sonraí uile maidir le breathnóireacht speiceas agus ar shonraí comhshaoil agus geolaíocha eile arna soláthar ag na húdaráis chomhshaoil ábhartha, de bhun Airteagal 10(3) de Rialachán [*xxxxx*] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

– Leasaítear Airteagal 16b de Threoir (AE) 2018/2001 chun an tagairt do mharú d'aon ghnó nó do chur isteach d'aon ghnó ar an speiceas a scriosadh i gcás inar glacadh bearta maolaithe riachtanacha chun formheas intuigthe a thabhairt isteach le haghaidh an nós imeachta um dheonú ceadanna lasmuigh de dhlúslimistéir fuinnimh in-athnuaite.

– Leasaítear Airteagal 16c de Threoir (AE) 2018/2001 chun rialacha sonracha a chur san áireamh chun athchumhachtú a éascú d'ainneoin athruithe ar úsáid talún, agus chun ceanglais chomhshaoil a chuíchóiriú maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite gaoithe a athchumhachtú mura n-úsáidtear aon dromchla talún breise.

– Leasaítear Airteagal 16d de Threoir (AE) 2018/2001 chun cuíchóiriú a dhéanamh ar rialacha ceadaithe a mhéid a bhaineann leis an bpróiseas um dheonú ceadanna le haghaidh suiteálacha gréine ar mhionscála agus suiteálacha gréine ar struchtúir shaorga.

– Leasaítear Airteagal 16f de Threoir (AE) 2018/2001 chun deireadh a chur leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit srian a chur le cur i bhfeidhm an leasa phoiblí sháraithigh agus cur i bhfeidhm na toimhdean maidir le leas poiblí

sáraitheach a leathnú chuig coinbhleachtaí i gcás ina bhfuil na leasanna coinbhleachta lasmuigh de na leasanna comhshaoil.

– Tugtar Airteagal 16g isteach i dTreoir (AE) 2018/2001 chun raon feidhme an mheasúnaithe ar réitigh mhalartacha shásúla a shonrú agus chun raon feidhme an cheanglais maidir le bearta cúiteacha a chur i bhfeidhm chun críocha dhlí comhshaoil ábhartha an Aontais a shonrú.

– Tugtar Airteagal 16h isteach i dTreoir (AE) 2018/2001 chun an nós imeachta um dheonú ceadanna maidir le stóráil fuinnimh neamhspleách seachas stóráil hidrigine a rialáil.

– Tugtar Airteagal 16i isteach i dTreoir (AE) 2018/2001 chun an próiseas um dheonú ceadanna le haghaidh stáisiúin athluchtaithe a rialáil.

– Tugtar Airteagal 16j isteach i dTreoir (AE) 2018/2001 chun an próiseas um dheonú ceadanna maidir le hibridiú gléasraí fuinnimh in-athnuaite a rialáil.

– Leasaítear Airteagal 17 de Threoir (AE) 2018/2001 chun gach foráil maidir le nascadh leis an eangach a chomhdhlúthú, chun a raon feidhme a leathnú agus chun rialacha soiléire a thabhairt isteach maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh ceadanna nasctha leis an eangach, lena n-áirítear sprioc-amanna spriocdhírithe chun tionscadail áirithe a nascadh.

<u>Leasuithe ar Threoir (AE) 2019/944 (Airteagal 2 den togra seo)</u>

– Leasaítear Airteagal 8 de Threoir (AE) 2019/944 chun an nós imeachta ceadaithe le haghaidh bonneagar córais tarchuir agus dáileacháin a rialáil, lena dtugtar isteach an ceanglas maidir le hacmhainní leordhóthanacha d'údaráis náisiúnta, teorainneacha ama le haghaidh nósanna imeachta údaraithe, formheas intuigthe le haghaidh cinntí riaracháin, teorainn ama le haghaidh iarrataí ar shonraí ó údaráis chuig tionscnóirí, toimhde shealadach maidir le leas poiblí sáraitheach le haghaidh eangacha leictreachais, díolúine shealadach maidir le líonraí tarchuir agus dáileacháin atá ann cheana a athchóiriú, a nuachóiriú nó a athchumhachtú ó Mheasúnuithe ar an Tionchar ar an gComhshaol agus ó Mheasúnuithe Iomchuí, gnéithe a bhaineann le measúnú ar thionscadail faoi Threoir 2000/60/CE agus measúnú ar astaíochtaí nítrigine a fhéadfar a dhéanamh chun Treoir 92/43/CEE a chomhlíonadh agus measúnuithe comhshaoil a theorannú do shócmhainní nua. Ar deireadh, leasaítear an t-airteagal chun an oibleagáid a chur ar na Ballstáit ardáin dhigiteacha a bhunú chun iarratais ar cheadanna a láimhseáil. Beidh rochtain ag na hardáin sin freisin ar na sonraí uile maidir le breathnóireacht speiceas agus ar shonraí comhshaoil agus geolaíocha eile arna soláthar ag na húdaráis chomhshaoil ábhartha, de réir Airteagal 10(3) de Rialachán [*xxxxx*] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

– Tugtar Airteagal 8a isteach i dTreoir (AE) 2019/944 chun raon feidhme an mheasúnaithe ar réitigh mhalartacha shásúla agus raon feidhme an cheanglais maidir le bearta cúiteacha a chur i bhfeidhm chun críocha dhlí comhshaoil ábhartha an Aontais a shonrú.

– Tugtar Airteagal 40a isteach i dTreoir (AE) 2019/944 chun forbairtí agus cumhachtaí líonra a rialáil chun cinntí infheistíochta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta. Cuirtear an tAirteagal seo in ionad Airteagal 51 atá ann cheana, ar mhaithe le soiléiriú ar chur i bhfeidhm dlíthiúil na bhforálacha ábhartha agus is

é is aidhm dó comhsheasmhacht iomlán a áirithiú leis na hathruithe a rinneadh le déanaí ar Threoir (AE) 2024/1788 agus ar Rialachán GTE-F.

– Scriostar Airteagal 51 de Threoir (AE) 2019/944, maidir le forbairt líonraí agus cumhachtaí chun cinntí infheistíochta a dhéanamh, toisc go rialófar é sin le hAirteagal 40a nua.

<u>Leasuithe ar Threoir (AE) 2024/1788 (Airteagal 3 den togra seo)</u>

– Leasaítear Airteagal 8 de Threoir (AE) 2024/1788 chun an ceanglas maidir le hacmhainní leordhóthanacha a thabhairt isteach le haghaidh údaráis náisiúnta, formheas intuigthe le haghaidh cinntí riaracháin, teorainn ama le haghaidh iarrataí ar shonraí ó údaráis chuig tionscnóirí, agus ceanglas maidir le hardáin dhigiteacha chun nósanna imeachta údaraithe a láimhseáil.

2025/0400 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944 agus (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) agus Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá nósanna imeachta um dheonú ceadanna atá mall agus casta, lena n-áirítear nósanna imeachta le haghaidh naisc eangaí, ar cheann de na príomhthosca is cúis le moilleanna ar fhorbairt tionscadal fuinnimh. Tógann sé thart ar 10 mbliana líonraí tarchuir a chur i gcrích, agus caitear níos mó ná leath den am is gá ar cheadú. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh suas le 9 mbliana a bheith i gceist fós le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a cheadú, de réir an Bhallstáit agus na teicneolaíochta lena mbaineann. D'fhéadfadh idir 1 bhliain amháin agus 7 mbliana a bheith i gceist le suiteálacha stórála, de réir na teicneolaíochta. D'fhéadfadh sé go dtógfadh na nósanna imeachta um dheonú ceadanna chun stáisiúin athluchtaithe a thógáil nó a chlaochlú ar mhórbhealaí agus in iostaí suas le 2 bhliain i roinnt Ballstát. Is é is cúis le ceadú mall, i measc nithe eile, córais riaracháin neamhleanúnacha i measc údaráis iomadúla, foireann neamhleor sna húdaráis, fad na measúnuithe comhshaoil, easpa glactha ag an bpobal, digiteáil agus infhaighteacht sonraí theoranta chomh maith le dúshláin riaracháin agus bhreithiúnacha.

(2) Le blianta beaga anuas, tugadh isteach bearta nua ar leibhéal an Aontais chun dlús a chur leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus, go pointe áirithe, tionscadail bhonneagair. In 2022 glacadh Rialachán (AE) 2022/2577[3] ón gComhairle chun dlús a chur le nósanna imeachta um

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .
[3] Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite (IO L 335 29.12.2022, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2577/oj).

dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus tionscadail bhonneagair ghaolmhara. Cuireadh síneadh lena chur i bhfeidhm páirteach le Rialachán (AE) 2024/223 ón gComhairle[4] go dtí an 30 Meitheamh 2025. Thairis sin, le Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], leasaíodh Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] chun nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú maidir le gléasraí fuinnimh in-athnuaite a údarú trí chreat cuimsitheach ceadaithe a thabhairt isteach, lena ngabhann spriocdhátaí níos giorra agus rialacha níos simplí. Áiríodh sa Treoir leasaithe oibleagáidí mapála, an oibleagáid maidir le dlúslimistéir fuinnimh in-athnuaite a ainmniú ina meastar go mbeidh na tionchair chomhshaoil a eascraíonn as tionscadail íseal agus, dá bhrí sin, gur féidir feidhm a bheith ag rialacha níos tapúla agus níos simplí, agus bearta roghnacha chun dlúslimistéir a thabhairt isteach le haghaidh tionscadail bhonneagair i gcás ina ndíolmhaítear tionscadail bhonneagair ó mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi choinníollacha áirithe amhail measúnacht straitéiseach comhshaoil a dhéanamh ar an limistéar.

(3) Is gá na nósanna imeachta riaracháin um dheonú ceadanna a shimpliú agus a ghiorrú a thuilleadh ar bhealach comhordaithe agus comhchuibhithe chun a áirithiú go mbainfidh an tAontas a spriocanna uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh do 2030 amach mar aon leis an gcuspóir maidir le haeráidneodracht faoi 2050. Le Treoir (AE) 2018/2001, níor tugadh aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha a chuireann moill mhór ar nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus ar chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite sa chóras, amhail nósanna imeachta malla um dheonú ceadanna le haghaidh eangacha, stóráil fuinnimh neamhspleách nó stáisiúin athluchtaithe, easpa glactha ag an bpobal nó digiteáil neamhleor nósanna imeachta. Thairis sin, ní áirítear leis an Treoir sin ach bearta áirithe de chuid Rialachán (AE) 2022/2577 ach níl roinnt bearta tábhachtacha inti a áirítear ann a scoir d’fheidhm a bheith acu, amhail tosaíocht na dtionscadal fuinnimh in-athnuaite a leathnú lasmuigh de ghnéithe comhshaoil agus comhlíonadh rialacha comhshaoil áirithe a chuíchóiriú. Ar deireadh, tá gá le roinnt leasuithe spriocdhírithe ar bhearta atá ann cheana i dTreoir (AE) 2018/2001 chun a n-éifeachtacht iomlán a áirithiú.

(4) Le hAirteagal 15c de Threoir (AE) 2018/2001, tugtar isteach oibleagáid ar na Ballstáit dlúslimistéir fuinnimh in-athnuaite a ainmniú le haghaidh teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite amháin ar a laghad. Chun críoch ainmniú den sórt sin, féadfaidh na Ballstáit limistéir áirithe a eisiamh ó bheith ina ndlúslimistéir fuinnimh in-athnuaite mar thoradh ar an ardluach comhshaoil agus na híogaireachtaí a bhaineann leo. Mar sin féin, sa chaoi nach mbainfear an bonn de na cuspóirí maidir le dlúslimistéir fuinnimh in-athnuaite a ainmniú, níor cheart do na Ballstáit críocha móra a shainaithint nach féidir tionscadail fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil iontu *a priori* mar thoradh ar

---

4 Rialachán (AE) 2024/223 ón gComhairle an 22 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2577 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite (IO L, 2024/1343, 21.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/1343/oj).

5 Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

6 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

chúiseanna comhshaoil lena n-áirítear an tírdhreach a chosaint, ós rud é go mbeidh na tionscadail sin faoi réir na measúnuithe tiomnaithe comhshaoil ábhartha lena bhféadfar tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

(5) Próisis neamhfhónta rannpháirtíochta poiblí as a n-eascraíonn cur i gcoinne i bhfoirm dúshláin riaracháin agus bhreithiúnacha, leanann siad de bheith ina gcúis le tréimhse fhada cur chun feidhme na dtionscadal fuinnimh ábhartha. Eascraíonn céimeanna breise lasmuigh d'amlínte na nósanna imeachta riaracháin um dheonú ceadanna atá beartaithe as dúshláin, rud a fhágann go mbíonn moilleanna gan choinne ann a athraíonn ó thaobh faid de de réir luas breithiúnach an Bhallstáit atá i gceist. Tá easpa glactha ag an bpobal ar cheann de na príomhbhacainní ar nósanna imeachta um dheonú ceadanna maidir le fuinneamh in-athnuaite agus, dá bhrí sin, ar ghlacadh sa mhargadh. Trí rannpháirtíocht phoiblí pobal áitiúil i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite a áirithiú, go háirithe i dtionscadail mhóra, is féidir cur le glacadh poiblí. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh sa chaoi go rachaidh tionscadail mhóra fuinnimh in-athnuaite chun tairbhe do shaoránaigh agus do phobail áitiúla trí bhíthin rannpháirtíocht dhíreach nó indíreach, gan dochar don tsaor-rogha soláthróra i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. Féadfar a áireamh leis na bearta sin bearta díreacha rannpháirtíochta airgeadais, i bhfoirmeacha éagsúla amhail scéimeanna úinéireachta comhroinnte, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomhar le pobail fuinnimh; scéimeanna sluachistiúcháin, nó scéimeanna uath-ídithe leictreachais in-athnuaite nó comhroinnte fuinnimh, nó bearta indíreacha rannpháirtíochta airgeadais, amhail conarthaí a chur chun cinn agus poist a chruthú do na pobail áitiúla, lena n-áirítear cláir oiliúna; cistí sochair pobail; cúiteamh airgeadais do phobail áitiúla i ngaireacht don tionscadal; tógáil agus cothabháil bonneagair phoiblí i ngaireacht don tionscadal; lascainí ar phraghas an leictreachais, nó tacaíocht do chustaiméirí leochaileacha agus do dhaoine a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh.

(6) D'fhéadfadh moill ar nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus ar dhlíthíocht ina dhiaidh sin a bheith ina toradh ar an bhfrithbheartaíocht áitiúil, rud a bhíonn fréamhaithe go minic in easpa trédhearcachta, agus ar rannpháirtíocht neamhleor an phobail. Is léir go n-éiríonn go maith le rannpháirtíocht luath iomchuí an phobail i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite, mar a léirítear i Moladh (AE) 2024/1343 ón gCoimisiún[8]. Is féidir le héascaitheoir neamhspleách gairmiúil dlús a chur le cur in úsáid suiteálacha móra fuinnimh in-athnuaite os cionn 10 MW trí chomhairliúcháin a chur chun cinn idir na forbróirí tionscadail agus na pobail áitiúla, i gcás inarb iomchuí, roimh na nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus lena linn, agus é d'aidhm aige idirphlé a chur chun cinn agus comhdhearcadh a chothú i measc na bpáirtithe ábhartha le linn an phróisis iomláin agus díospóidí dlíthiúla a sheachaint. Ba cheart an t-éascaitheoir a bheith ina thríú páirtí, neamhspleách ar na páirtithe ábhartha, agus níor cheart aon leas airgeadais a bheith aige a bhaineann leis an bhforbróir ná leis an bpobal ina bhfuil an tionscadal suite.

---

[7] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).

[8] Moladh (AE) 2024/1343 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2024 maidir le dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus tionscadail bhonneagair ghaolmhara (IO L, 2024/1343, 21.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/1343/oj).

(7) Easpa acmhainní na n-údarás um cheadú agus easpa digiteála na nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus infhaighteacht sonraí, is scrogaill iad a chuireann moill ar nósanna imeachta um dheonú ceadanna. Is príomhuirlisí iad an digiteáil agus úsáid iomchuí a bhaint as gnéithe den intleacht shaorga chun dlús a chur le nósanna imeachta agus chun cur leis an éifeachtúlacht do na páirtithe uile lena mbaineann. Fágann sé gur féidir leis na húdaráis ábhartha iarratais a láimhseáil ar bhealach níos tapúla, agus cuireann sé ar a gcumas do thionscnóirí tionscadail rochtain thapa a bheith acu ar fhaisnéis shoiléir maidir le céimeanna agus ceanglais an phróisis ón tús, rud a áirithíonn trédhearcacht agus faireachán dá bhrí sin. Mar sin féin, tá digiteáil na nósanna imeachta um dheonú ceadanna ag titim ar gcúl, ós rud é gur minic a bhíonn sí scaipthe i measc nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus céimeanna ar fud údaráis inniúla éagsúla agus i bhformhór na mBallstát níl aon phróiseas digiteach aontaithe[9]. Thairis sin, is minic a úsáidtear níos mó ná tairseach dhigiteach amháin chun déileáil leis an bhfeidhmchlár tionscadail céanna agus ní áirithítear an idir-inoibritheacht i gcónaí. Mar thoradh air sin, bíonn ualach mór riaracháin ar thionscnóirí tionscadail, comhordú inmheánach teoranta i measc na n-údarás a dhéileálann le nósanna imeachta um dheonú ceadanna ar leibhéil éagsúla, easpa infheictheachta maidir le stádas an iarratais agus doiléire maidir leis na scrogaill a chuireann moill ar nósanna imeachta um dheonú ceadanna. Ba cheart do na Ballstáit tairseach aonair dhigiteach a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh na gcéimeanna uile sna nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, stórála agus eangaí sa chaoi go rannchuideoidh sí le digiteáil, idir-inoibritheacht agus trédhearcacht níos aonfhoirmí sna húdaráis éagsúla um cheadú sna Ballstáit agus, ar deireadh, le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna. Ba cheart di an próiseas a shimpliú freisin trí chead a thabhairt d'iarratasóirí a n-iarratas a chomhdú i dtairseach aonair lenar féidir na hiarratais a shannadh go huathoibríoch don údarás inniúil, a dhéileálfaidh leo go díreach sa tairseach agus céimeanna idirmheánacha páipéarbhunaithe á seachaint. Ba cheart gnéithe a chur i láthair ar an tairseach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin na hintleachta saorga, lena gceadófar don phointe teagmhála aonair, d'údaráis eile agus d'iarratasóirí stádas an iarratais a sheiceáil agus a sheiceáil cá bhfuil moilleanna ann, chomh maith le comhlíonadh na sprioc-amanna ceadaithe a sheiceáil. Ina theannta sin, ba cheart asbhaint staidrimh a cheadú léi chun dul chun cinn foriomlán na nósanna imeachta um dheonú ceadanna sna Ballstáit a sheiceáil. Ba cheart an fhormáid a roghnaítear chun na sonraí ábhartha a bhailítear tríd an tairseach a stóráil agus a chur in iúl a bheith idir-inoibritheach. Ba cheart go n-éascódh an tairseach dualgais an phointe teagmhála aonair ar cheart rochtain a bheith aige ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis ábhartha uile.

(8) Ní mór bearta breise a bheith ag gabháil le sprioc-amanna ceadaithe níos tapúla agus níos giorra le haghaidh nósanna imeachta um dheonú ceadanna lena n-áiritheofar a n-éifeachtacht sa chleachtas. Áirithítear le bearta formheasa intuigthe riaracháin go bhformheasfar iarratas go huathoibríoch mura ngníomhóidh an riarachán poiblí laistigh de sprioc-am atá sainithe go dlíthiúil agus, dá bhrí sin, is uirlis úsáideach iad chun aghaidh a thabhairt ar neamhghníomhaíocht riaracháin trí éifeacht dhlíthiúil a

[9] An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh, COWI, Eclareon agus Prognos, *Monitoring the implementation of the Commission recommendation and guidance on speeding up permit-granting procedures for renewable energy and related infrastructure projects* [Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an mholta ón gCoimisiún agus treoir maidir le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus tionscadail bhonneagair ghaolmhara] – Tuarascáil chríochnaitheach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, lch. 31.

thabhairt do thost an riaracháin. Le Treoir (AE) 2018/2001, tugtar isteach formheas intuigthe le haghaidh cinntí áirithe, is é sin le haghaidh céimeanna idirmheánacha den nós imeachta um dheonú ceadanna i ndlúslimistéir fuinnimh in-athnuaite, agus le haghaidh na gceadanna críochnaitheacha le haghaidh na suiteálacha gréine ar mionscála uile a bhfuil toilleadh faoi bhun 100 kW acu. Ós rud é gur gá dlús a chur le cur in úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus gur próiseas fadálach é dlús a chur le cur chun feidhme na ndlúslimistéar fuinnimh in-athnuaite, is iomchuí an beart sin a chur i bhfeidhm freisin sna nósanna imeachta um dheonú ceadanna is infheidhme maidir le tionscadail atá suite lasmuigh de dhlúslimistéir. Sna nósanna imeachta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear prionsabal an fhormheasa intuigthe riaracháin i bhfeidhm, lena n-áirítear é sin a dhéanamh le haghaidh cinntí críochnaitheacha cé is moite de chinntí comhshaoil. Chun cur i bhfeidhm éifeachtach an bhirt seo a áirithiú agus chun cearta tríú páirtithe ar chosaint bhreithiúnach a ráthú, ba cheart do na húdaráis ábhartha a chur in iúl go poiblí gur glacadh cinneadh go hintuigthe.

(9) Tá toilleadh mór ag baint le hathchumhachtú gléasraí cumhachta fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana chun rannchuidiú le spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach. Ós rud é gur suiteáladh gléasraí cumhachta fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana, den chuid is mó, ar shuíomhanna a bhfuil toilleadh mór acu maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite, is féidir a áirithiú le hathchumhachtú go leanfar de na suíomhanna sin a úsáid, agus ar an gcaoi sin úsáid éifeachtúil talún agus saothrú éifeachtúil na n-acmhainní fuinnimh in-athnuaite is fearr a áirithiú. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás gaoth ar talamh, go háirithe agus é á chur san áireamh go bhfuil go leor feirmeacha gaoithe ar talamh san Eoraip ag druidim le deireadh conarthaí a thacaíonn lena nginiúint leictreachais agus go bhfuil 26 GW de ghléasraí gaoithe atá ann cheana i bhfeidhm le breis agus 20 bliain anuas[10]. Áirítear le hathchumhachtú tairbhí breise amhail nasc leis an eangach atá ann cheana, leibhéal dóchúil níos airde glactha ag an bpobal agus eolas ar na tionchair is dócha a bheidh ar an gcomhshaol. Ós rud é gur minic a shuiteáiltear líon níos ísle tuirbíní ar an láithreán céanna mar thoradh ar athchumhachtú gléasraí gaoithe, bíonn tionchar comhshaoil na ngléasraí gaoithe athchumhachtaithe teoranta. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais maidir le scagadh comhshaoil nó measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú nó a tharscaoileadh fiú i gcás nach mbeidh úsáid dromchla talún breise i gceist le hathchumhachtú gléasra gaoithe atá ann cheana, go méadófar toilleadh iomlán na suiteála agus go gcomhlíonfar na bearta maolaithe comhshaoil is infheidhme arna mbunú don tsuiteáil bhunaidh fuinnimh gaoithe.

(10) Rannchuidíonn suiteálacha uath-íditHe leictreachais, lena n-áirítear iad siúd le haghaidh féintomhaltóirí a ghníomhaíonn go comhpháirteach agus mar phobail fuinnimh áitiúla, leis an éileamh foriomlán ar ghás nádúrtha a laghdú, le cur le hathléimneacht an chórais agus le spriocanna fuinnimh in-athnuaite an Aontais a bhaint amach. Ní dócha go mbeidh éifeachtaí díobhálacha móra ar an gcomhshaol ná ar an eangach ag suiteáil trealaimh grianfhuinnimh agus stórála fuinnimh comhshuite ag a bhfuil toilleadh faoi bhun 100 kW ná ní cúis imní í maidir le sábháilteacht. Ina theannta sin, de ghnáth ní bhíonn méadú acmhainneachta de dhíth ar shuiteálacha beaga ag an bpointe nasctha eangaí. Chun dlús breise a chur le cur in úsáid trealaimh grianfhuinnimh ar mionscála agus stórála fuinnimh comhshuite, níor cheart do na Ballstáit aon chead riaracháin a éileamh le haghaidh na suiteálacha sin, cé is moite de na ceadanna nasctha leis an eangach, mar is amhlaidh cheana i roinnt Ballstát. Trí

[10] WindEurope, Staidreamh 2024 agus an t-ionchas le haghaidh 2025-2030.

reachtaíocht an Aontais a ailíniú leis na dea-chleachtais atá ann cheana, ba cheart go bhféadfaí dlús breise a chur le cur in úsáid na suiteálacha sin ar bhealach comhchuibhithe. De ghnáth, ní ábhar imní a bhaineann le húsáidí iomaíocha spáis nó le tionchar ar an gcomhshaol a bhíonn i dtrealamh grianfhuinnimh agus stóráil fuinnimh chomhshuite os cionn 100 kW a shuiteáil i struchtúir shaorga atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, ba cheart tairbhiú de nósanna imeachta níos giorra um dheonú ceadanna a bheith i ndán do na suiteálacha sin agus ba cheart iad a dhíolmhú, le coimircí iomchuí, ón oibleagáid measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh de bhun Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11].

(11) Tá ról lárnach ag fuinneamh in-athnuaite i ndícharbónú chóras fuinnimh an Aontais trí réitigh láithreacha a sholáthar chun fuinneamh atá bunaithe ar bhreosla iontaise a ionadú agus rannchuidíonn sé le praghsanna fuinnimh a laghdú agus cur leis an tslándáil fuinnimh. Dá bhrí sin, níor cheart bac ró-éasca a chur ar údarú tionscadal fuinnimh in-athnuaite toisc gur ann d'aon chineál coinbhleachta leasa. Ba cheart do na Ballstáit gléasraí fuinnimh in-athnuaite agus sócmhainní bonneagair amhail sócmhainní stórála comhshuite neamhspleácha agus na stáisiúin eangaí agus athluchtaithe ghaolmhara a chur chun cinn tríd an toimhde atá ann cheana is infheidhme maidir le coinbhleachtaí le leasanna comhshaoil a leathnú chuig aon choinbhleacht leasa eile, ach amháin i ndáil leis an oidhreacht chultúrtha agus i gcás inar léir nach mór tús áite a thabhairt do na coinbhleachtaí leasa sin d'ainneoin na dtairbhí tábhachtacha a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus iad a údarú, i gcás ina dtoimhdítear go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint leo atá níos mó ná leasanna neamh-chomhshaoil. Chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe na toimhdean infhrisnéise sin a áirithiú, níor cheart cead a bheith ag na Ballstáit eisceachtaí a thabhairt isteach agus iad ag déileáil leis na cineálacha uile coinbhleachta, lena n-áirítear coinbhleachtaí comhshaoil.

(12) Chun dlús a chur le cur in úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite, na sócmhainní a bhaineann leo agus a nasc leis an eangach, is iomchuí a shonrú freisin an chaoi ar féidir na coinníollacha atá fágtha maidir le maoluithe sonracha a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear i reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh. Go háirithe, chun críocha dhlí comhshaoil ábhartha an Aontais, agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá réitigh mhalartacha shásúla ar an tionscadal sonrach fuinnimh in-athnuaite nó nach bhfuil, ba cheart raon feidhme an mheasúnaithe sin a theorannú do réitigh mhalartacha lena n-áirithítear go mbainfear amach na cuspóirí céanna leis an tionscadal atá i gceist laistigh den tráthchlár céanna nó laistigh de thráthchlár comhchosúil agus gan costais i bhfad níos airde a bheith mar thoradh air. Agus comparáid á déanamh idir an tráthchlár agus an costas a bhaineann le réitigh mhalartacha shásúla, ba cheart do na húdaráis ábhartha a chur san áireamh gur gá fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid ar bhealach brostaithe costéifeachtach i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus sna nuashonruithe orthu arna dtíolacadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

[11] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj).

gComhairle[12] agus leis an luas a mheastar a bheidh ann chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, agus an maolú ábhartha dá bhforáiltear i dTreoir 92/43/CEE ón gComhairle[13] á chur i bhfeidhm, is iomchuí go bhféadfaidh na húdaráis ábhartha, i roinnt cásanna a bhfuil údar cuí leo i gcás inar féidir a léiriú go réasúnta nach ndéanfadh an plean nó an tionscadal ábhartha difear dochúlaithe do na próisis éiceolaíocha atá fíor-riachtanach chun struchtúr agus feidhmeanna an láithreáin a chothabháil, nach gcuirfear comhleanúnachas foriomlán líonra Natura 2000 i mbaol, go gcaomhnófar sláine comhshaoil an láithreáin agus go n-áiritheofar ardleibhéal cosanta do láithreáin Natura 2000, go bhféadfaidh siad na bearta cúiteacha a dhéanamh i gcomhthráth le cur chun feidhme plean nó tionscadail den sórt sin.

(13) Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur in úsáid stórála fuinnimh neamhspleách chun cur le solúbthacht an chórais fuinnimh agus chun comhtháthú córais i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart go dtairbheodh stóráil neamhspleách de nósanna imeachta brostaithe um dheonú ceadanna. Ní dócha go mbeidh éifeachtaí díobhálacha móra ag stóráil fuinnimh ar mionscála ag a bhfuil toilleadh faoi bhun 100 kW ar an gcomhshaol ná ar an eangach ná ní mheastar go mbeidh ábhair imní ann ina leith a bhaineann le húsáidí iomaíocha spáis. I bhfianaise an mhéid sin, is iomchuí na nósanna imeachta um dheonú ceadanna is infheidhme maidir leis an gcineál sin stórála a chuíchóiriú trí na ceadanna riaracháin uile a dhíothú, cé is moite den chead nasctha leis an eangach, agus trí na suiteálacha sin a dhíolmhú, le coimircí iomchuí, ón oibleagáid measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh de bhun Threoir 2011/92/AE. Ní mór dlús a chur freisin le cur in úsáid stórála fuinnimh ag a bhfuil toilleadh os cionn 100 kW. Dá bhrí sin, is iomchuí a nós imeachta um dheonú ceadanna a chuíchóiriú trí sprioc-am foriomlán uasta 6 mhí a bhunú, cé is moite de stóráil hidreachumhachta pumpála, nach mór ceanglais chomhshaoil níos déine a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, lena n-éilítear sprioc-am foriomlán uasta níos faide. Chun comhtháthú córais i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite a áirithiú, is gá cur le foinsí solúbthachta, go háirithe ceallraí feithiclí leictreacha, toisc gur féidir leo rannchuidiú leis an mbuaicéileamh leictreachais a athrú agus plódú eangaí a laghdú. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart cur in úsáid níos tapúla agus níos éasca bonneagair bóthair athluchtaithe a chur chun cinn a thuilleadh, go háirithe bonneagar lena gcumhdaítear carranna, veaineanna, trucailí, busanna nó gluaisrothair, agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe nó feithiclí lánleictreacha. Ba cheart go dtairbheodh stáisiúin athluchtaithe srutha ailtéarnaigh agus stáisiúin athluchtaithe srutha dhírigh araon de nósanna imeachta brostaithe um dheonú ceadanna, lena n-áirítear é sin a bheith amhlaidh le haghaidh ceadanna nasctha leis an eangach. Ní dócha go mbeidh éifeachtaí díobhálacha móra ag stáisiúin athluchtaithe bheaga ag a bhfuil toilleadh faoi bhun 100 kW ar an gcomhshaol ná ar an eangach ná ní mheastar go mbeidh ábhair imní ann ina leith a bhaineann le húsáidí iomaíocha spáis. I bhfianaise an mhéid sin, is iomchuí na nósanna imeachta um

[12] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

[13] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

dheonú ceadanna is infheidhme maidir leis na stáisiúin athluchtaithe sin a chuíchóiriú trí na ceadanna riaracháin uile a dhíothú, cé is moite den chead nasctha leis an eangach, agus trí na suiteálacha sin a dhíolmhú, le coimircí iomchuí, ón oibleagáid measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh de bhun Threoir 2011/92/AE. Ní mór dlús a chur freisin le suiteáil stáisiún athluchtaithe ag a bhfuil toilleadh os cionn 100 kW. Dá bhrí sin, is iomchuí a nós imeachta um dheonú ceadanna a chuíchóiriú trí sprioc-am foriomlán uasta 6 mhí a bhunú.

(14) Cuid ríthábhachtach de na nósanna imeachta chun suiteáil fuinnimh in-athnuaite a thógáil agus a oibriú is ea ceadanna nasctha leis an eangach a fháil, agus is minic a ghlacann sé go leor ama. Is iomchuí, dá bhrí sin, na sprioc-amanna is infheidhme a chuíchóiriú a thuilleadh maidir leis na nósanna imeachta um nascadh leis an eangach is infheidhme maidir le tionscadail áirithe fuinnimh in-athnuaite ar mionscála, sócmhainní stórála agus stáisiúin athluchtaithe, agus athchumhachtú agus hibridiú tionscadal fuinnimh in-athnuaite, agus rialacha soiléire a thabhairt isteach maidir le hoibleagáidí na n-oibreoirí córais le linn na nósanna imeachta um cheadanna.

(15) Aithnítear leis an tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa agus leis an bPlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne[14] tionchar dearfach na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí chun dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna. Mar sin féin, cuirtear i dtábhacht leo freisin nósanna imeachta fada éiginnte um dheonú ceadanna le haghaidh eangacha mar bhac mór ar shuiteáil níos tapúla an toillte nua is gá chun freastal ar infheistíochtaí fuinnimh ghlain agus chun costais fuinnimh san Aontas a laghdú. Cé go bhfuil rialacha sonracha ann maidir le nósanna imeachta um dheonú ceadanna faoi Threoir (AE) 2018/2001, faoi Threoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus faoi Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], ní chumhdaítear leis na córais sin sócmhainní ginearálta bonneagair eangaí leictreachais. Dá réir sin, ní mór ceanglais ghinearálta maidir le nósanna imeachta um údarú le haghaidh bonneagar córais tarchuir agus dáileacháin a sholáthar i dTreoir (AE) 2019/944, go sonrach i bhfoirm ceanglais ar na Ballstáit chun uasfhad na nósanna imeachta sin a áirithiú agus ceanglais a bhunú lena dtacaítear leis na sprioc-amanna sin a bhaint amach. Tá rialacha i Rialachán (AE) 2022/869 agus i dTreoir (AE) 2018/2001 maidir le tionscadail fuinnimh áirithe a údarú. I gcás contrárthacht idir na rialacha sin agus na rialacha a bhunaítear sa Treoir seo maidir le húdarú tionscadal leictreachais áirithe, ba cheart tús áite a bheith ag na rialacha i Rialachán (AE) 2022/869 agus i dTreoir (AE) 2018/2001.

---

14 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, Chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne Leas a bhaint as fíorluach ár nAontais Fuinnimh chun fuinneamh glan éifeachtúil inacmhainne a sholáthar do mhuintir uile na hEorpa (COM(2025) 79 final).

15 Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (athmhúnlú) (IO L, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj).

16 Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj).

(16) Bíonn moill ar cheadú bhonneagar an chórais leictreachais agus sócmhainní giniúna mar thoradh ar easpa acmhainní ar na húdaráis náisiúnta agus digiteáil laghdaithe na nósanna imeachta um dheonú ceadanna. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh acmhainní daonna airgeadais agus teicniúla leordhóthanacha ag na húdaráis sin, lena n-áirítear scileanna, agus uirlisí agus córais bhainistíochta dhigiteacha a chuireann ar a gcumas dóibh cinntí a dhéanamh laistigh de na sprioc-amanna dá bhforáiltear sa Treoir.

(17) Ba cheart na nósanna imeachta um údarú faoi Threoir (AE) 2019/944 a bheith soiléir, éifeachtúil agus trédhearcach agus comhsheasmhach le comhlíonadh an phlean forbartha gréasáin dáileacháin atá ann cheana agus an phlean forbartha gréasáin tarchuir 10 mbliana. Dá bhrí sin, táthar ag súil leis go ndéanfaidh na Ballstáit critéir agus nósanna imeachta oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha maidir le húdarú a leagan síos agus a fhoilsiú lena gcuirfear san áireamh, i measc nithe eile, sábháilteacht agus slándáil an chórais leictreachais, úsáid talún, éifeachtúlacht fuinnimh, saintréithe a bhaineann go sonrach leis an iarratasóir ar chead, laghduithe ar astaíochtaí, an tábhacht a bhaineann le dlús a chur le cur in úsáid bonneagair fuinnimh chun an aeráidneodracht a bhaint amach, agus roghanna malartacha ar an tionscadal.

(18) I bhfianaise na práinne a bhaineann le bonneagair leictreachais a fhorbairt, táthar ag súil leis go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear saintréithe tionscadail san áireamh sna nósanna imeachta um údarú agus measúnú á dhéanamh ar an ngá, nó an easpa gá, atá le measúnuithe a dhéanamh, lena n-áirítear measúnuithe comhshaoil, nó staidéir, údaruithe nó tuarascálacha a chur ar fáil. Ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta measúnuithe agus iarrataí ar fhaisnéis ó thionscnóirí a theorannú don mhéid is fíorghá agus dúbláil a sheachaint i ngach cás is féidir.

(19) Chun cur le hintuarthacht agus cinnteacht maidir le fad agus costais na nósanna imeachta um údarú faoi Threoir (AE) 2019/944, ba cheart iarrataí ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadacht ó iarratasóirí a bheith nithiúil sonrach agus ba cheart iad a bheith istigh in am. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-iarrfaidh na húdaráis náisiúnta an fhaisnéis ábhartha chun an cead a eisiúint ó iarratasóirí laistigh de thréimhse réamhshonraithe arna comhaireamh ón uair a fhaightear an t-iarratas agus ba cheart dóibh ábhar agus mionsonraí aon fhaisnéise nó sonraí a iarrtar a chinneadh go nithiúil. Tar éis na tréimhse sin, ba cheart iarrataí ar fhaisnéis a theorannú d'fhaisnéis atá in easnamh a shainaithin nó a d'iarr an t-údarás roimhe sin, nó d'fhaisnéis nach bhféadfaí a iarraidh roimhe sin toisc go mbaineann sí le hathrú ábhartha ar imthosca a tharlaíonn tar éis an tionscadal iarratas ar údarú a dhéanamh.

(20) Agus prionsabal na coimhdeachta, inniúlachtaí agus nósanna imeachta náisiúnta á n-urramú, ba cheart teorainn ama shoiléir a leagan síos le Treoir (AE) 2019/944 do chinneadh na n-údarás ábhartha, rud a spreagfaidh sainiú agus láimhseáil éifeachtúil nósanna imeachta a mbeidh cur in úsáid eangach leictreachais mar thoradh orthu. Mar sin féin, is féidir leis na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh nósanna imeachta um dheonú ceadanna níos giorra a bhaint amach i gcás inar féidir, go háirithe a mhéid a bhaineann le tionscadail chun bonneagar an chórais tarchuir atá ann cheana a athchóiriú, a nuachóiriú nó a athchumhachtú agus bonneagar nua córais dáileacháin a thógáil, ar bonneagar é go bhféadfadh nach mbeadh nós imeachta um dheonú ceadanna ag teastáil ina leith a bheadh chomh casta céanna le bonneagar tarchuir nua.

(21) I gcomhréir leis an bpráinn a bhaineann le heangacha leictreachais a chur in úsáid chun spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach agus bearta lena n-áirithítear a n-éifeachtacht sa chleachtas a bheith ag gabháil le sprioc-amanna le

haghaidh nósanna imeachta um dheonú ceadanna, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i ndlínsí ina bhfuil coincheap an fhormheasa intuigthe ann faoin dlí náisiúnta, go gcuirfear i bhfeidhm í maidir le cinntí riaracháin a bhaineann le tionscadail eangaí leictreachais, cé is moite de chinntí comhshaoil. Chun cearta tríú páirtithe ar chosaint bhreithiúnach a ráthú, ba cheart do na húdaráis ábhartha na cinntí uile a glacadh a chur in iúl go poiblí, lena n-áirítear na cinntí sin a glacadh go hintuigthe.

(22) Chun castacht a laghdú, cur le héifeachtúlacht agus trédhearcacht agus cuidiú le comhar a fheabhsú i measc na mBallstát, ba cheart pointí teagmhála a bheith ann d’oibreoirí córais tarchuir nó dáileacháin a chuireann tionscadal eangach nó sócmhainní líonra eile chun cinn go dtí go ndéanfar cinneadh. Beidh na pointí teagmhála sin freagrach as iarratasóirí a éascú agus a threorú trí na nósanna imeachta um údarú a bhaineann leis an gcineál sin bonneagair. De mheon an tsimplithe, má mheasann an Ballstát go bhfuil sé iomchuí agus níos éifeachtúla, féadfaidh sé an fhreagracht sin a dhíriú ar na húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/869, ós rud é go gcomhlíonann na húdaráis sin an ról sin cheana féin a mhéid a bhaineann le tionscadail bonneagair leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa a cheadú. Agus na róil sin á gcumasc acu, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt chun a áirithiú go mbeidh foireann leordhóthanach ag na pointí teagmhála agus go mbeidh na hacmhainní agus an toilleadh is gá acu chun na cúraimí atá faoina bhfreagracht a chomhlíonadh.

(23) Mar gheall ar an ról atá acu maidir le sócmhainní fuinnimh in-athnuaite, réitigh sholúbthachta agus stóráil fuinnimh a chomhtháthú agus leictriú a chumasú i gcoitinne, tá bonneagar córais tarchuir nó dáileacháin fíor-riachtanach chun an aeráidneodracht a bhaint amach. I bhfianaise an phríomhróil atá ag bonneagar an chórais leictreachais chun an aeráidneodracht a bhaint amach, sna measúnuithe cás ar chás is gá, ba cheart do na Ballstáit a thoimhdiú go bhfuil leas poiblí sáraitheach ag baint le bonneagar an chórais tarchuir nó dáileacháin, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír i gcalafoirt, agus gur chun leas na sábháilteachta agus na sláinte poiblí atá sé, ach amháin i ndáil leis an oidhreacht chultúrtha agus i gcás ina bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil éifeachtaí díobhálacha móra ag na tionscadail sin ar an gcomhshaol nach féidir a mhaolú ná a chúiteamh. Bonneagar an chórais tarchuir nó dáileacháin a dtoimhdítear go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint leis atá níos mó ná leasanna neamh-chomhshaoil, ba cheart tosaíocht a thabhairt dó ar leasanna neamh-chomhshaoil agus ba cheart é a údarú chomh tapa agus is féidir.

(24) Chun dlús a chur le cur in úsáid eangach leictreachais, is iomchuí a shonrú an chaoi ar féidir na coinníollacha maidir le maoluithe sonracha a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear i reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh. Go háirithe, agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá réitigh mhalartacha shásúla ar thionscadal na heangaí leictreachais nó nach bhfuil, ba cheart raon feidhme an mheasúnaithe sin a theorannú do réitigh mhalartacha lena n-áirithítear go mbainfear an cuspóir céanna amach laistigh den tráthchlár céanna nó laistigh de thráthchlár comhchosúil agus gan costais i bhfad níos airde a bheith mar thoradh air. Agus comparáid á déanamh idir an tráthchlár agus an costas a bhaineann le réitigh mhalartacha shásúla, ba cheart do na húdaráis ábhartha a chur san áireamh gur gá eangacha a chur in úsáid ar bhealach brostaithe agus costéifeachtach i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus sna nuashonruithe orthu arna dtíolacadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1999. Ar an gcaoi chéanna, agus an maolú ábhartha dá bhforáiltear i dTreoir 92/43/CEE á chur i bhfeidhm, is iomchuí go bhféadfaidh na húdaráis ábhartha na bearta cúiteacha a dhéanamh i gcomhthráth le cur

chun feidhme an phlean agus an tionscadail, i roinnt cásanna a bhfuil údar cuí leo i gcás inar féidir a léiriú go réasúnta nach ndéanfadh an plean nó an tionscadal ábhartha difear dochúlaithe do na próisis éiceolaíocha atá fíor-riachtanach chun struchtúr agus feidhmeanna an láithreáin a chothabháil, nach gcuirfear comhleanúnachas foriomlán líonra Natura 2000 i mbaol, go gcaomhnófar sláine comhshaoil an láithreáin agus go n-áiritheofar ardleibhéal cosanta do láithreáin Natura 2000.

(25) Mar thoradh ar an bpráinn a bhaineann le bonneagar fuinnimh a chur in úsáid agus an tábhacht a bhaineann le nósanna imeachta um údarú a chuíchóiriú agus ós rud é gurb iad na measúnuithe comhshaoil an chéim ar an bhfad is faide i nósanna imeachta um údarú, tá sé tábhachtach measúnuithe den sórt sin a íoslaghdú gan cosaint chomhshaoil a chur i mbaol. Maidir le bonneagar an chórais tarchuir agus dáileacháin atá ann cheana a athchóiriú, a nuachóiriú nó a athchumhachtú, agus bonneagar nua an chórais dáileacháin a thógáil, is tionscadail iad a mbíonn tionchar íosta acu ar an gcomhshaol de ghnáth. Bíonn tionscadail athchóirithe, nuachóirithe nó athchumhachtaithe ar méid teoranta go tráthrialta agus ní dhéanann siad difear ach do chuid de na sócmhainní atá ann cheana a ndearnadh measúnú ar thionchair chomhshaoil ina leith roimhe seo. Mar thoradh air sin, is minic a bhíonn tionchair na dtionscadal sin teoranta do thionchair na n-oibreacha foirgníochta, agus bíonn an tionchar céanna, nó tionchar níos lú fiú, ag oibriú na sócmhainne ná oibriú an tionscadail ar a raibh sí dírithe. Ar an taobh eile, mar gheall ar mhéid níos lú a dtionscadal, ar voltas níos ísle a sócmhainní agus ar an gclaonadh atá ann iad a fhorbairt i limistéir thógtha atá níos gaire do thomhaltóirí, is gnách nach mbíonn tionchair mhóra ar an gcomhshaol acu. Dá réir sin, chun dlús a chur le cur in úsáid bhonneagar an chórais leictreachais agus chun spriocanna aeráidneodrachta agus fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe, na tionscadail a luaitear san aithris seo a dhíolmhú go dlisteanach ó mheasúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ó mheasúnuithe iomchuí agus ón measúnú ar a n-impleachtaí ar chosaint speiceas de bhun Airteagal 12(1) de Threoir 92/43/CEE[17] agus Airteagal 5 de Threoir 2009/147/CE[18].

(26) Is mó go mór na tairbhí a bhaineann le bonneagar leictreachais a chur in úsáid i dtéarmaí laghduithe ar astaíochtaí nítrigine ná costas na n-astaíochtaí íosta a eascraíonn as a dtógáil. Dá réir sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh cur in úsáid tapa bonneagair leictreachais teoranta ar aon bhealach ag na hastaíochtaí sealadacha a eascraíonn as a dtógáil.

(27) Tá pleanáil líonra tarchuir náisiúnta lena léirítear forbairtí ar an mbeartas aeráide agus fuinnimh agus athruithe gaolmhara ar thomhaltas agus ar ghiniúint ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an leictriú agus leis an aistriú fuinnimh ina iomláine. Mar sin féin, níor bhain na ceanglais a bhí ann cheana faoi Airteagal 51 de Threoir (AE) 2019/944 ach le hoibreoirí córais tarchuir áirithe agus ní dhearnadh foráil leo maidir le tréimhse phleanála a bhí fada go leor chun infheistíocht oirchilleach a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach go mbreithneofaí le leathnú an chórais tarchuir tréimhse 15 bliana ar a laghad, agus go mbreithneofaí le húsáid tosaíochta na solúbthachta neamh-iontaise, réitigh neamhshreinge agus roghanna malartacha eile ar leathnú an chórais, go mbeadh sé bunaithe ar chás comhpháirteach arna fhorbairt le hoibreoirí

17 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

18 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, , ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

córais eile ar fud na n-earnálacha agus go mbeadh sé ailínithe leis an gcás lárnach faoin bplean forbartha gréasáin 10 mbliana uile-Aontais. Chun trédhearcacht a áirithiú agus úsáideoirí eangaí, lena n-áirítear na hearnálacha giniúna, tionscail, sonraí agus iompair, a chorprú ar bhealach níos fearr sa phleanáil líonra, tá sé ina cheanglas freisin le nasc le hAirteagal 55 de Threoir (AE) 2024/1788 go rachfar i gcomhairle go luath leo le linn an phróisis forbartha cásanna comhpháirteacha chun infheistíocht réamh-mheasta a cheadú.

(28) I bhfianaise na leasuithe ar Threoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944, chomh maith leis na leasuithe comhthreomhara ar Rialachán (AE) 2022/869, ba cheart don Choimisiún cur chuige aontaithe a thabhairt isteach maidir leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh. Cé go dtugtar isteach le Treoir (AE) 2024/1788 bearta chun nósanna imeachta riaracháin um dheonú ceadanna a shimpliú agus a chuíchóiriú, is gá leasú spriocdhírithe a dhéanamh chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú agus chun creat comhsheasmhach a chur in úsáid ar leibhéal an Aontais.

(29) Bíonn moill ar cheadú saoráidí gáis nádúrtha, saoráidí táirgthe hidrigine agus bonneagar an chórais hidrigine mar thoradh ar easpa acmhainní ar na húdaráis náisiúnta agus ar dhigiteáil theoranta na nósanna imeachta um cheadú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh acmhainní daonna airgeadais agus teicniúla leordhóthanacha ag na húdaráis sin, lena n-áirítear scileanna agus uirlisí agus córais bainistíochta digití, a chuireann ar a gcumas dóibh cinntí a dhéanamh laistigh de na sprioc-amanna dá bhforáiltear sa Treoir.

(30) Chun cur le hintuarthacht agus cinnteacht maidir le fad agus costais na nósanna imeachta um údarú faoi Threoir (AE) 2024/1788, ba cheart iarrataí ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadacht ó iarratasóirí a bheith nithiúil sonrach agus ba cheart iad a bheith istigh in am. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-iarrfaidh na húdaráis náisiúnta an fhaisnéis ábhartha chun an cead a eisiúint ó iarratasóirí laistigh de thréimhse réamhshonraithe arna comhaireamh ón uair a fhaightear an t-iarratas agus ba cheart dóibh ábhar agus mionsonraí aon fhaisnéise nó sonraí a iarrtar a chinneadh go nithiúil. Tar éis na tréimhse sin, ba cheart iarrataí ar fhaisnéis a theorannú d’fhaisnéis atá in easnamh a shainaithin nó a d’iarr an t-údarás roimhe sin, nó d’fhaisnéis nach bhféadfaí a iarraidh roimhe sin toisc go mbaineann sí le hathrú ábhartha ar imthosca a tharlaíonn tar éis an tionscadal iarratas ar údarú a dhéanamh.

(31) Maidir le nósanna imeachta formheasa faoi Threoir (AE) 2024/1788, i gcomhréir leis an tábhacht a bhaineann le cur in úsáid tapa saoráidí hidrigine agus bonneagair córais hidrigine a áirithiú agus le comhlíonadh na sprioc-amanna a bhunaítear sa Treoir sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i ndlínsí ina bhfuil coincheap an fhormheasa intuigthe ann faoin dlí náisiúnta, go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le cinntí riaracháin a bhaineann leis na tionscadail sin, cé is moite de chinntí comhshaoil. Chun cearta tríú páirtithe ar chosaint bhreithiúnach a ráthú, ba cheart do na húdaráis ábhartha na cinntí uile a glacadh a chur in iúl go poiblí, lena n-áirítear na cinntí sin a glacadh go hintuigthe.

(32) De mheon an tsimplithe, féadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil sé iomchuí agus níos éifeachtúla ról pointe teagmhála aonair a lárú faoi oibleagáid Threoir (AE) 2024/1788 sna húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/869, ós rud é go gcomhlíonann na húdaráis sin an ról sin cheana féin a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna maidir le tionscadail bonneagair leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa. Agus rogha á déanamh na róil

sin a chumasc, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt chun a áirithiú go mbeidh foireann leordhóthanach ag na pointí teagmhála agus go mbeidh na hacmhainní agus an toilleadh is gá acu chun na cúraimí atá faoina bhfreagracht a chomhlíonadh.

(33) Chun éifeachtúlacht a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ardáin dhigiteacha ar fáil lena n-éascaítear bainistiú údaruithe.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir (AE) 2018/2001**

Leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, an dara mír, cuirtear na pointí (10a) go (10f) seo a leanas isteach:

(10b) ciallaíonn 'stóráil fuinnimh neamhspleách' stóráil fuinnimh nach bhfuil comhcheangailte de shaoráid táirgthe fuinnimh;

(10c) ciallaíonn 'stáisiún athluchtaithe' stáisiún athluchtaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (52), de Rialachán (AE) 2023/1804;

(10d) ciallaíonn 'hibridiú' gléasra fuinnimh in-athnuaite nach gléasra hibrideach é a thiontú ina ghléasra hibrideach atá taobh thiar den phointe nasctha céanna;

(10e) ciallaíonn 'gléasra hibrideach' gléasra fuinnimh in-athnuaite lena gcomhcheanglaítear teicneolaíochtaí iomadúla fuinnimh in-athnuaite, nó lena gcomhcheanglaítear teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite amháin nó níos mó le stóráil fuinnimh;

(10f) ciallaíonn 'nós imeachta le haghaidh cead nasctha leis an eangach' an nós imeachta ó iarraidh iomlán an fhorbróra tionscadail ar nascadh leis an eangach suas go dtí cinneadh an oibreora córais maidir le cé acu is féidir an tionscadal a nascadh leis an eangach nó nach féidir;

(2) in Airteagal 15c, cuirtear an mhír 6 seo a leanas isteach:

'6. Déanfaidh na Ballstáit iarracht gan limistéir mhóra a ainmniú ina mbeidh srian dlíthiúil nó *de facto* ar shuiteáil gléasraí fuinnimh in-athnuaite agus a mbonneagair ghaolmhair mar thoradh ar chúiseanna comhshaoil, lena n-áirítear cosaint an tírdhreacha, ach amháin más féidir leo a léiriú go mbeadh damáiste dochúlaithe mar thoradh ar na cineálacha gléasraí sin agus ar a mbonneagar gaolmhar sa limistéar nach féidir a mhaolú ná a chúiteamh le linn an mheasúnaithe comhshaoil de bhun Threoir 2011/92/AE agus, i gcás inarb ábhartha, an mheasúnaithe iomchuí de bhun Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE';

(3) in Airteagal 15d, cuirtear na míreanna 3 agus 4 seo a leanas isteach:

'3. Glacfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfear sciar de na tairbhí a bhaineann le tionscadail fuinnimh in-athnuaite ag a bhfuil toilleadh suiteáilte os cionn 10 MW ar aghaidh, go díreach nó go hindíreach, chuig saoránaigh áitiúla agus pobail áitiúla atá i ngaireacht do na tionscadail sin.

4. Ainmneoidh agus maoineoidh na Ballstáit éascaitheoir neamhspleách chun idirphlé a chur chun cinn idir an forbróir tionscadail agus an pobal i gcoitinne le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a bhfuil toilleadh suiteáilte os cionn 10 MW acu. Ní dhéanfaidh an t-éascaitheoir idirghabháil ach amháin arna iarraidh sin d'aon cheann de na páirtithe ábhartha agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) comhairliúcháin phoiblí a éascú, de réir mar is gá, lena n-áirítear comhairliúcháin luatha le linn na céime roimh an iarratas ar chead;

(b) dul i dteagmháil chun teacht ar réitigh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann arna n-ardú ag pobail áitiúla.

(c) tacaíocht agus trédhearcacht a áirithiú maidir le rogha an chineáil birt comhroinnte tairbhí, i gcás inarb ábhartha.

Féadfaidh na Ballstáit táille a shocrú, arna híoc ag forbróirí tionscadail, chun seirbhísí an éascaitheora a mhaoiniú.';

(4) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) i mír 3, scriostar an abairt seo a leanas:

'Ligfear do na hiarratasóirí doiciméid ábhartha a thíolacadh i bhfoirm dhigiteach.'

(b) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

'3a. Bunóidh na Ballstáit tairseach aonair dhigiteach ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh na gcéimeanna uile sna nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, stórála agus eangaí.

Is tríd an tairseach aonair dhigiteach amháin a chuirfidh iarratasóirí iarratais ar chead agus na doiciméid ábhartha uile is gá le haghaidh an nós imeachta um dheonú ceadanna isteach. Déanfaidh an tairseach aonair dhigiteach uathoibriú ar shannadh na n-iarratas ar chead do na húdaráis inniúla, a dhéanfaidh na hiarratais agus na doiciméid ábhartha a phróiseáil i bhfoirm leictreonach agus a idirghníomhóidh go díreach leis na hiarratasóirí sa tairseach aonair dhigiteach.

Sa tairseach aonair dhigiteach beidh gnéithe lenar féidir an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi na céimeanna uile den nós imeachta um dheonú ceadanna, faoi stádas an nós imeachta agus faoi chinntí na n-údarás ábhartha, agus chun comhlíonadh na sprioc-amanna um dheonú ceadanna a leagtar amach sa Treoir seo a sheiceáil. Áiritheoidh an tairseach aonair dhigiteach rochtain ar na sonraí agus na cinntí ábhartha comhshaoil agus geolaíocha atá le fáil sa tairseach aonair dhigiteach atá bunaithe ar an gcóras faisnéise geografaí dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de Rialachán [xxxxx] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Foilseoidh an tairseach aonair dhigiteach sonraí staidrimh bliantúla maidir le fad na nósanna imeachta um dheonú ceadanna, lena sainaithneofar go soiléir na céimeanna éagsúla sa nós imeachta um dheonú ceadanna agus fad na gcéimeanna sin. Beidh na sonraí sin ar fáil go poiblí.

Beidh rochtain ag an bpointe teagmhála aonair nó ag na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear i mír 3 ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis ábhartha uile atá le fáil sa tairseach, chun a dhualgais nó a ndualgais a chomhlíonadh.

(5) leasaítear Airteagal 16b mar a leanas:

(a) i mír 2, scriostar an abairt seo a leanas:

‘I gcás ina bhfuil na bearta maolaithe is gá glactha ag tionscadal fuinnimh in-athnuaite, ní mheasfar gur gníomhaíochtaí d’aon ghnó iad aon mharú nó corraí speiceas atá faoi chosaint faoi Airteagal 12(1) de Threoir 92/43/CEE agus Airteagal 5 de Threoir 2009/147/CE’

(b) cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

‘3. Sa nós imeachta um dheonú ceadanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, an dara fomhír, áiritheoidh na Ballstáit gurb é an toradh a bheidh air mura dtagann freagra ó na húdaráis inniúla ábhartha nó ó na heintitis inniúla ábhartha laistigh den sprioc-am a leagtar síos go measfar na céimeanna sonracha a bheith formheasta, cé is moite de chinntí comhshaoil agus ceadanna nasctha leis an eangach, nó i gcás nach ann do phrionsabal an fhormheasa intuigthe riaracháin i gcóras dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. Cuirfear na cinntí uile ar fáil go poiblí, lena n-áirítear cinntí críochnaitheacha a dheonaítear go hintuigthe.’;

(6) leasaítear Airteagal 16c mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an mhír 2b seo a leanas isteach:

‘2b. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear cosc ar athchumhachtú na suiteála sin mar thoradh ar athrú ar stádas na talún ina gcuirtear suiteáil fuinnimh in-athnuaite.’;

(c) cuirtear an mhír 4 seo a leanas isteach:

‘4. I gcás ina méadaíonn athchumhachtú suiteálacha fuinnimh gaoithe toilleadh iomlán na suiteála gan dromchla talún breise a úsáid agus ina gcomhlíonann sé na bearta maolaithe comhshaoil is infheidhme arna mbunú don tsuiteáil bhunaidh fuinnimh gaoithe, beidh an tionscadal díolmhaithe ó aon cheanglas is infheidhme próiseas scagtha a dhéanamh de bhun Airteagal 16a(4), chun a chinneadh cé acu atá measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 4(2) de Threoir 2011/92/AE nó Airteagal 5 de Rialachán [xxxxx] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag teastáil don tionscadal nó nach bhfuil, nó chun measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh de bhun Airteagal 4(1) de Threoir 2011/92/AE.’;

(7) leasaítear Airteagal 16d mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. An nós imeachta um dheonú ceadanna dá dtagraítear in Airteagal 16(1) maidir le trealamh grianfhuinnimh agus stóráil fuinnimh chomhshuite ag a bhfuil toilleadh suiteáilte iomlán os cionn 100 kW a shuiteáil i struchtúir shaorga atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, cé is moite de dhromchlaí uisce saorga, áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh an nós imeachta sin thar 3 mhí, ar choinníoll nach é an phríomhaidhm atá ag struchtúr saorga den sórt sin grianfhuinneamh a tháirgeadh ná fuinneamh a stóráil. De mhaolú ar Airteagal 4(2) de Threoir 2011/92/AE agus ar Iarscríbhinn II, pointí 3(a) agus (b), ina n-aonar nó i gcomhar le pointe 13(a), a ghabhann leis an Treoir sin, beidh suiteáil trealaimh grianfhuinnimh agus na stórála fuinnimh comhshuite dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo díolmhaithe ón gceanglas, i gcás inarb infheidhme, measúnú tiomnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh de bhun Airteagal 2(1) de Threoir 2011/92/AE.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'Ní éileoidh na Ballstáit aon chead riaracháin, lena n-áirítear cead maidir le gnéithe comhshaoil, cé is moite de cheadanna nasctha leis an eangach, chun trealamh grianfhuinnimh agus stóráil fuinnimh chomhshuite a shuiteáil ag a bhfuil toilleadh suiteáilte iomlán 100 kW nó níos lú. Gan dochar do mhír 1, cuirfidh na Ballstáit srian le cur i bhfeidhm na míre seo i limistéir Natura 2000 agus i limistéir eile faoi scéimeanna cosanta náisiúnta agus i limistéir faoi chosaint oidhreachta cultúrtha nó stairiúla';

(c) cuirtear na míreanna 3 agus 4 seo a leanas isteach:

'3. Féadfaidh na Ballstáit limistéir áirithe a eisiamh ó chur i bhfeidhm mhíreanna 1 agus 2 chun leasanna cultúrtha, oidhreachta stairiúla nó cosanta náisiúnta a chosaint, nó ar chúiseanna sábháilteachta nó slándála eangaí.

4. Bainfidh na Ballstáit bacainní rialála agus neamhrialála a dhéanann difear do shuiteáil mionchóras gréine inluchtaithe a bhfuil toilleadh suas le 800 W acu i bhfoirgnimh agus ar fhoirgnimh.';

(8) leasaítear Airteagal 16f mar a leanas:

(a) scriostar an dá abairt dheireanacha;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Go dtí go mbainfear an aeráidneodracht amach, áiritheoidh na Ballstáit, sa nós imeachta um dheonú ceadanna, go dtoimhdeofar go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint le pleanáil, tógáil agus oibriú gléasraí agus suiteálacha le haghaidh táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, agus a nascadh leis an eangach, leis an eangach ghaolmhar féin, le sócmhainní stórála agus le stáisiúin athluchtaithe agus, sa chás sin, go dtabharfar tús áite dóibh agus leasanna dlíthiúla seachas na leasanna sin dá dtagraítear sa chéad mhír á gcothromú. Féadfaidh na Ballstáit cur i bhfeidhm na toimhdean sin a eisiamh chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint ar bhonn critéir dhlíthiúla chun cur chun feidhme comhchuibhithe a áirithiú.';

(9) cuirtear na hAirteagail 16g go 16k seo a leanas isteach:

'Airteagal 16g

**Easpa réitigh mhalartacha nó shásúla agus cur chun feidhme beart cúiteach chun críoch Airteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE**

1. Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu is ann do réitigh mhalartacha shásúla ar thionscadail gléasraí fuinnimh in-athnuaite, do nascadh gléasraí den sórt sin leis an eangach, don eangach ghaolmhar féin agus do shócmhainní stórála chun críocha Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle, Airteagal 4(7), pointe (d), de Threoir 2000/60/CE agus Airteagal 9(1) de Threoir 2009/147/CE nó nach ann, comhlíonfar an coinníoll nach mbeidh aon rogha mhalartach shásúil ann mura mbeidh aon réiteach malartach sásúil ann a d'fhéadfadh cuspóir céanna an tionscadail atá i gceist a bhaint amach maidir leis an toilleadh fuinnimh in-athnuaite céanna a fhorbairt tríd an teicneolaíocht fuinnimh chéanna laistigh den tráthchlár céanna nó laistigh de thráthchlár comhchosúil agus gan costais i bhfad níos airde a bheith mar thoradh air.

2. Agus bearta cúiteacha á gcur chun feidhme maidir le tionscadail gléasraí fuinnimh in-athnuaite, nascadh gléasraí den sórt sin leis an eangach, an eangach ghaolmhar féin agus sócmhainní stórála, chun críoch Airteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE,

féadfaidh na Ballstáit, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus i gcás inar féidir a léiriú go réasúnta nach ndéanfadh an plean nó an tionscadal difear dochúlaithe do na próisis éiceolaíocha atá fíor-riachtanach chun struchtúr agus feidhmeanna an láithreáin a chothabháil agus chun comhleanúnachas foriomlán líonra Natura 2000 a chur i mbaol sula gcuirfear bearta cúiteacha i bhfeidhm, cead a thabhairt na bearta cúiteacha sin a dhéanamh i gcomhthráth le cur chun feidhme an tionscadail. Ceadóidh na Ballstáit na bearta cúiteacha sin a oiriúnú le himeacht ama i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim, ag brath ar cé acu a mheastar go dtiocfaidh na héifeachtaí diúltacha móra chun cinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma nó nach meastar.

Airteagal 16h

**Nós imeachta um dheonú ceadanna maidir le stóráil fuinnimh neamhspleách seachas stóráil hidrigine**

1. Leis an nós imeachta um dheonú ceadanna maidir le stóráil fuinnimh neamhspleách, seachas stóráil hidrigine, cumhdófar na ceadanna riaracháin ábhartha uile chun stóráil neamhspleách a thógáil, a athchumhachtú agus a oibriú, lena n-áirítear ceadanna nasctha leis an eangach agus, i gcás inar gá, measúnuithe agus ceadanna comhshaoil. Beidh an nós imeachta um dheonú ceadanna comhdhéanta de na céimeanna riaracháin uile ón tráth a admhaítear comhlántacht an iarratais ar chead go dtí go dtugann an t-údarás inniúil ábhartha nó na húdaráis inniúla ábhartha fógra faoin gcinneadh críochnaitheach maidir le toradh an nós imeachta um dheonú ceadanna. Laistigh de 30 lá ó iarratas ar chead a fháil, admhóidh an t-údarás inniúil iomláine an iarratais nó, mura bhfuil an fhaisnéis uile is gá chun an t-iarratas a phróiseáil seolta ag an iarratasóir, iarrfaidh sé ar an iarratasóir iarratas comhlánaithe a chur isteach gan moill mhíchuí. Is é an dáta ar a n-admhaíonn an t-údarás inniúil comhlántacht an iarratais dáta tosaigh an nós imeachta um dheonú ceadanna.

2. Ní éileoidh na Ballstáit aon chead riaracháin, lena n-áirítear ceadanna comhshaoil, cé is moite de cheadanna nasctha leis an eangach, chun stóráil neamhspleách a shuiteáil, seachas stóráil hidrigine, ag a bhfuil toilleadh suiteáilte iomlán 100 kW nó níos lú. De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Threoir 2011/92/AE, beidh suiteáil na stórála sin díolmhaithe ón gceanglas is infheidhme de bhun Airteagal 2(1) den Treoir sin, maidir le measúnú tiomnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh. Cuirfidh na Ballstáit srian le cur i bhfeidhm na fomhíre seo i limistéir Natura 2000 agus i limistéir eile faoi scéimeanna cosanta náisiúnta agus i limistéir faoi chosaint oidhreachta cultúrtha nó stairiúla.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh na nósanna imeachta um dheonú ceadanna, lena n-áirítear ceadanna nasctha leis an eangach agus, i gcás inar gá, measúnuithe comhshaoil, thar 6 mhí le haghaidh stóráil fuinnimh neamhspleách, seachas stóráil hidrigine, ag a bhfuil toilleadh suiteáilte iomlán os cionn 100 kW. Mar sin féin, i gcás stóráil hidreachumhachta pumpála, ní rachaidh an nós imeachta um dheonú ceadanna thar thréimhse 2 bhliain.

Airteagal 16i

**Nós imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh stáisiúin athluchtaithe**

1. Cumhdófar leis an nós imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh stáisiúin athluchtaithe na ceadanna riaracháin ábhartha uile chun stáisiúin athluchtaithe a thógáil, a athchumhachtú agus a oibriú, lena n-áirítear ceadanna nasctha leis an eangach agus, i gcás inar gá, measúnuithe agus ceadanna comhshaoil. Beidh an nós imeachta um dheonú ceadanna comhdhéanta de na céimeanna riaracháin uile ón tráth a admhaítear comhlántacht an iarratais ar chead go dtí go dtugann an t-údarás inniúil ábhartha nó na húdaráis inniúla ábhartha fógra faoin gcinneadh críochnaitheach maidir le toradh an nós imeachta um dheonú ceadanna. Laistigh de 30 lá ó iarratas ar chead a fháil, admhóidh an t-údarás inniúil iomláine an iarratais nó, mura bhfuil an fhaisnéis uile is gá chun an t-iarratas a phróiseáil seolta ag an iarratasóir, iarrfaidh sé ar an iarratasóir iarratas comhlánaithe a chur isteach gan moill mhíchuí. Is é an dáta ar a n-admhaíonn an t-údarás inniúil comhlántacht an iarratais dáta tosaigh an nós imeachta um dheonú ceadanna.

2. Ní éileoidh na Ballstáit aon chead riaracháin, lena n-áirítear cead maidir le gnéithe comhshaoil, cé is moite de cheadanna nasctha leis an eangach, chun stáisiúin athluchtaithe a shuiteáil ag a bhfuil toilleadh suiteáilte iomlán 100 kW nó níos lú. De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Threoir 2011/92/AE, beidh suiteáil na stáisiún sin díolmhaithe ón gceanglas, i gcás inarb infheidhme de bhun Airteagal 2(1) den Treoir sin, measúnú tiomnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh. Cuirfidh na Ballstáit srian le cur i bhfeidhm na fomhíre seo i limistéir Natura 2000 agus i limistéir eile faoi scéimeanna cosanta náisiúnta agus i limistéir faoi chosaint oidhreachta cultúrtha nó stairiúla.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh na nósanna imeachta um dheonú ceadanna, lena n-áirítear ceadanna nasctha leis an eangach agus, i gcás inar gá, measúnuithe comhshaoil, thar 6 mhí i gcás stáisiúin athluchtaithe ag a bhfuil toilleadh suiteáilte iomlán os cionn 100 kW.

Airteagal 16j

**Nós imeachta um dheonú ceadanna chun gléasraí fuinnimh in-athnuaite a hibridiú**

1. I gcás ina bhfuil hibridiú gléasra cumhachta fuinnimh in-athnuaite faoi réir próiseas scagtha de bhun Airteagal 16a(4), nó faoi réir cinneadh i dtaobh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol nó measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 4 de Threoir 2011/92/AE a bheith ag teastáil ón tionscadal nó gan bheith, beidh próiseas scagtha den sórt sin, cinneadh den sórt sin nó measúnú den sórt sin ar an tionchar ar an gcomhshaol teoranta don tionchar a d'fhéadfadh teacht as an ngné bhreise atá curtha leis i gcomparáid leis an tionscadal bunaidh.

2. I gcásanna ina n-athraítear stádas úsáide na talún ar a suiteáiltear tionscadail fuinnimh in-athnuaite, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir na tionscadail fuinnimh in-athnuaite sin a oibriú agus a hibridiú fós.';

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

'Airteagal 17

### Nósanna imeachta um cheadanna nasctha leis an eangach

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mairfidh na nósanna imeachta um an gcead nasctha leis an eangach níos faide ná na tréimhsí seo a leanas:

   (a) 1 mhí amháin maidir leis an trealamh grianfhuinnimh agus an stóráil fuinnimh chomhshuite dá dtagraítear in Airteagal 16d(2), an stóráil fuinnimh neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 16h(2), agus na stáisiúin athluchtaithe dá dtagraítear in Airteagal 16i(2);

   (b) 3 mhí chun an trealamh grianfhuinnimh agus an stóráil fuinnimh chomhshuite dá dtagraítear in Airteagal 16d(1) a shuiteáil, agus gléasraí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana dá dtagraítear in Airteagail 16c agus 16j a athchumhachtú nó a hibridiú, seachas má tá ábhair imní dhea-bhunaithe maidir le sábháilteacht ann nó má tá neamh-chomhoiriúnacht theicniúil idir comhpháirteanna an chórais ann nó, más rud é, de bharr mhéid an mhéadaithe toillte, go bhfuil gá le níos mó ama chun an measúnú a dhéanamh.

2. Laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 16a(1), Airteagal 16b(1), agus mír 1 den Airteagal seo, roghnóidh an t-oibreoir córais ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

   (a) i gcás ina bhfuil toilleadh leordhóthanach ann agus nach ndéanann an nasc a iarradh difear do chobhsaíocht, iontaofacht agus sábháilteacht na heangaí, glacadh leis an nascadh eangaí a iarradh agus an nascadh a dheonú,

   (b) i gcás nach bhfuil toilleadh leordhóthanach eangaí ann, comhaontú nasctha solúbtha a mholadh, i gcás inar féidir go teicniúil, i gcomhréir le hAirteagal 6a de Threoir (AE) 2019/944.

3. I gcás ina ndiúltaíonn an forbróir tionscadail togra le haghaidh comhaontú dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), déanfaidh an t-oibreoir córais, ar fhorais imní a bhfuil údar leo maidir le sábháilteacht nó neamh-chomhoiriúnacht theicniúil chomhpháirteanna an chórais, pointe malartach nasctha leis an eangach nó dáta sealadach malartach a mholadh chun nascadh leis an eangach, nó, mura féidir é sin a dhéanamh, an iarraidh ar nascadh a dhiúltú.

4. Toisc nár tháinig freagra ón oibreoir córais dáileacháin laistigh den sprioc-am a bhunaítear i mír 1, pointe (a), measfar an cead nasctha a bheith deonaithe, ar choinníoll nach mó acmhainneacht an trealaimh grianfhuinnimh, na stórála fuinnimh nó na stáisiún athluchtaithe ná an toilleadh atá ar fáil cheana maidir leis an nascadh leis an eangach dáileacháin.’.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Threoir (AE) 2019/944**

Leasaítear Treoir (AE) 2019/944 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

‘Airteagal 8

**Nós imeachta um údarú**

1. In imthosca ina bhfuil údarú, amhail ceadúnas, cead, lamháltas, toiliú nó formheas, ina cheanglas chun bonneagar córais tarchuir nó dáileacháin le haghaidh leictreachais, nó trealamh gaolmhar, a fhoirgniú nó a oibriú, nó chun toilleadh giniúna nua a thógáil, deonóidh Ballstát, nó aon údarás inniúil a ainmneoidh sé, an t-údarú sin i gcomhréir le míreanna 2 go 14. Féadfaidh na Ballstáit nó aon údarás inniúil a ainmneoidh siad údaruithe a dheonú freisin ar an mbonn céanna maidir le leictreachas a sholáthar agus maidir le custaiméirí mórdhíola.

2. Na Ballstáit a chuireann córas údaraithe chun feidhme, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha a bhunú, mar aon le nósanna imeachta trédhearcacha, nach mór d'aon ghnóthas a bhfuil údarú á lorg aige le toilleadh giniúna nua a thógáil agus/nó a oibriú, chomh maith le bonneagar córais tarchuir nó dáileacháin, a chomhlíonadh.

(b) na critéir agus na nósanna imeachta um dheonú údaruithe a chur ar fáil go poiblí;

(c) a áirithiú go gcuirfear san áireamh leis na nósanna imeachta um údarú don toilleadh giniúna sin, agus don bhonneagar sin, nó don trealamh gaolmhar, tábhacht an tionscadail le haghaidh na margaí inmheánacha don leictreachas agus foinsí in-athnuaite fuinnimh, i gcás inarb iomchuí;

(d) a áirithiú go gcuirfear san áireamh leis na nósanna imeachta um údarú an gá, nó an easpa gá, atá le measúnuithe a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[19] agus Treoracha 2000/60/CE[20], 2001/42/CE[21], 2009/147/CE[22] agus 2011/92/AE[23];

(e) a áirithiú gur ann do nósanna imeachta um údarú atá sonrach, simplithe agus cuíchóirithe do bhonneagar beag díláraithe agus/nó bonneagar giniúna dáilte agus córais dáileacháin, agus a méid teoranta agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu á gcur san áireamh;

(f) a áirithiú go ndéanfaidh údaráis rialála nó údaráis inniúla náisiúnta eile, lena n-áirítear údaráis phleanála, treoirlínte do na nósanna imeachta um údarú sonracha sin a bhunú agus a athbhreithniú, agus féadfaidh na húdaráis sin leasuithe a mholadh;

(g) a áirithiú go gcuirfear na cinntí uile ar fáil go poiblí;

(h) a áirithiú go gcuirfear na hiarratasóirí ar an eolas faoi na cúiseanna le haon diúltú údarú a dheonú; a áirithiú go bhfuil na cúiseanna sin oibiachtúil neamh-

---

[19] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj)

[20] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj)

[21] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/42/oj).

[22] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, , ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

[23] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj).

idirdhealaitheach agus go bhfuil bunús maith agus cuí leo, agus go gcuirtear nósanna imeachta um achomharc ar fáil d'iarratasóirí;

(i) a áirithiú go mbeidh acmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leormhaithe ag na húdaráis inniúla náisiúnta chun cinneadh a dhéanamh, maidir leis an údarú laistigh de na tráthchláir is infheidhme;

3. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit córas údaraithe chun feidhme le haghaidh bonneagar córais tarchuir nó dáileacháin don leictreachas, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas freisin:

(a) comhsheasmhacht an chórais údaraithe le haghaidh bhonneagar an chórais tarchuir agus dáileacháin leis an bplean forbartha gréasáin dáileacháin agus leis an bplean forbartha gréasáin tarchuir 10 mbliana arna ghlacadh de bhun Airteagail 32 agus 51 a áirithiú;

(b) a áirithiú nach mairfidh nósanna imeachta um údarú, lena n-áirítear nósanna imeachta ábhartha uile na n-údarás inniúil, níos faide ná 2 bhliain ach amháin i gcás ina bhfuil údar cuí leis ar fhoras imthosca urghnácha, i gcás ina bhféadfar síneadh suas le 1 bhliain amháin a chur leo;

(c) a áirithiú gurb é an toradh a bheidh air mura dtagann freagra ó na húdaráis nó na heintitis náisiúnta inniúla laistigh den sprioc-am a leagtar síos i bpointe b go measfar na céimeanna sonracha a bheith formheasta, cé is moite de na cinntí comhshaoil agus i gcás nach ann do phrionsabal an fhormheasa intuigthe riaracháin i gcóras dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann;

(d) a áirithiú go n-áireofar i bhfoilsiú na gcinntí críochnaitheacha cinneadh a dheonaítear go hintuigthe nuair nach dtagann freagra ó na húdaráis nó na heintitis inniúla ábhartha;

(e) a áirithiú go measfar go bhfuil údarú bhonneagar an chórais tarchuir nó dáileacháin fíor-riachtanach chun acmhainní fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú, agus chun spriocanna aeráide agus fuinnimh agus cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach.

4. Bunóidh nó ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála amháin nó níos mó le haghaidh oibreoirí córais tarchuir nó dáileacháin. Soláthróidh na pointí teagmhála sin, arna iarraidh sin don iarratasóir agus saor in aisce, treoraíocht don iarratasóir agus éascóidh siad an nós imeachta um údarú ina iomláine le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, go dtí go ndéanfaidh na húdaráis fhreagracha cinneadh críochnaitheach. Ní cheanglófar ar an iarratasóir teagmháil a dhéanamh le níos mó ná pointe teagmhála amháin le haghaidh an phróisis ar fad.

Féadfaidh gurb ionann na pointí teagmhála agus na húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/869 nó na pointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2018/2001.

5. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit córas údaraithe chun feidhme le haghaidh bonneagar córais tarchuir nó dáileacháin don leictreachas, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh aon staidéar, tuarascáil agus doiciméadacht is gá don nós imeachta ar iarraidh ó na hiarratais, go n-iarrfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta, i gcomhar le húdaráis ábhartha eile, na hábhair is gá ar an bhforbróir, agus raon feidhme agus leibhéal mionsonraithe na n-ábhar sin á sonrú acu, laistigh de 3 mhí ón iarratas a dhéanamh. Laistigh den tréimhse 3 mhí chéanna, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta an forbróir ar an eolas faoi cé acu atá feidhm ag na toimhdí faoi mhír 10

maidir leis an tionscadal nó nach bhfuil. Tar éis na tréimhse sin, ní iarrfaidh an t-údarás inniúil ná aon údarás ábhartha eile faisnéis, staidéir, tuarascálacha ná measúnuithe breise, ach amháin i gcásanna inar tharla athrú ábhartha ar an tionscadal nó ar a thimpeallacht máguaird, rud a fhágann nach iomchuí a thuilleadh na critéir thosaigh ar a raibh cinntí bunaithe. I gcás inar tharla athrú ábhartha den sórt sin, tabharfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta údar dea-réasúnaithe leis an iarraidh ar fhaisnéis bhreise don tionscnóir tionscadail.

6. An teorainn ama a bhunaítear i mír 3 den Airteagal seo, beidh feidhm aici gan dochar d'oibleagáidí faoin dlí comhshaoil agus fuinnimh is infheidhme de chuid an Aontais, lena n-áirítear Treoir (AE) 2018/2001, maidir le hachomhairc bhreithiúnacha, leigheasanna agus imeachtaí eile os comhair cúirte nó binse, agus do shásraí réitithe díospóide malartacha, lena n-áirítear nósanna imeachta gearáin agus achomhairc agus leigheasanna neamhbhreithiúnacha, agus féadfar síneadh a chur léi ar feadh fhad na nósanna imeachta sin.

7. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan difear a dhéanamh d'Airteagail 7 go 10 de Rialachán (AE) 2022/869 ná d'Airteagal 15 ná d'Airteagail 15b go 17 de Threoir (AE) 2018/2001.

8. Go dtí go mbainfear an aeráidneodracht amach ar leibhéal an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit, sna measúnuithe cás ar chás is gá i gcomhthéacs nósanna imeachta um údarú, go dtoimhdeofar go bhfuil leas poiblí sáraitheach ag baint le pleanáil, tógáil agus oibriú bhonneagar an chórais tarchuir nó dáileacháin agus gur chun leas na sábháilteachta agus na sláinte poiblí atá siad agus leasanna dlíthiúla á gcothromú i gcásanna aonair chun críocha Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1), pointe (c), de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE agus Airteagal 9(1), pointe (a), de Threoir 2009/147/CE. Féadfaidh na Ballstáit, in imthosca sonracha a bhfuil údar cuí leo, an cur i bhfeidhm a theorannú do chodanna áirithe dá gcríoch, do chineálacha áirithe teicneolaíochta nó do thionscadail a bhfuil saintréithe teicniúla áirithe acu.

Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar tús áite do na tionscadail sin freisin agus leasanna dlíthiúla seachas na leasanna sin dá dtagraítear sa mhír seo á gcothromú, cé is moite den oidhreacht chultúrtha ar bhonn critéir dhlíthiúla chun cur chun feidhme comhchuibhithe a áirithiú.

9. Go dtí go mbainfear an aeráidneodracht amach ar leibhéal an Aontais, de mhaolú ar Airteagal 2(1) agus Airteagal 4(1) agus 4(2) de Threoir 2011/92/AE agus Iarscríbhinn I, pointe 20, agus Iarscríbhinn II, pointe (3)(b), a ghabhann leis an Treoir sin, agus de mhaolú ar Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an t-údarás inniúil, in imthosca a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear an gá le dlús a chur le cur in úsáid bhonneagar an chórais leictreachais chun spriocanna aeráidneodrachta agus fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, athchóiriú, nuachóiriú nó athchumhachtú bhonneagar an chórais tarchuir agus dáileacháin atá ann cheana a dhíolmhú ón méid seo a leanas, ar choinníoll nach bhfuil úsáid spáis bhreise i gceist leis agus go gcomhlíonann sé na bearta maolaithe comhshaoil is infheidhme arna mbunú don tsuiteáil bhunaidh:

(a) an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 2(1) de Threoir 2011/92/AE;

(b) measúnú ar a n-impleachtaí do láithreáin Natura 2000 de bhun Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE;

(c) measúnú ar a n-impleachtaí ar chosaint speiceas de bhun Airteagal 12(1) de Threoir 92/43/CEE agus Airteagal 5 de Threoir 2009/147/CE;

(d) an scagadh de bhun Airteagal 5 de Rialachán [xxxxx] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

Ní bheidh feidhm ag na díolúintí sin maidir le bonneagar an chórais tarchuir agus dáileacháin atá ann cheana a athchóiriú, a nuachóiriú ná a athchumhachtú, ná bonneagar nua córais dáileacháin, nó trealamh gaolmhar, a thógáil, ar dócha go mbeidh éifeachtaí móra aige ar an gcomhshaol i mBallstát eile, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2011/92/AE.

Cuirfidh na Ballstáit srian le cur i bhfeidhm na míre seo i limistéir Natura 2000 agus i limistéir eile faoi scéimeanna cosanta náisiúnta agus i limistéir faoi chosaint oidhreachta cultúrtha nó stairiúla.

10. In imthosca a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh na Ballstáit na díolúintí dá dtagraítear i mír 9 a chur i bhfeidhm freisin maidir le bonneagar dáileacháin nua nó trealamh gaolmhar a thógáil, ar choinníoll go ndearnadh scagadh ar an tionscadal ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2011/92/CE lenar shuigh an t-údarás náisiúnta inniúil nach dócha go mbeidh tionchar mór ag an tionscadal ar an gcomhshaol, go háirithe i bhfianaise shaintréithe an limistéir ina gcuirtear an tionscadal in úsáid, amhail limistéir uirbeacha agus limistéir ina bhfuil go leor tógála déanta.

Ní bheidh feidhm ag na díolúintí sin maidir le bonneagar dáileacháin nua nó trealamh gaolmhar a thógáil, ar dócha go mbeidh éifeachtaí móra acu ar an gcomhshaol i mBallstát eile, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2011/92/AE.

I gcás ina sainaithnítear leis an scagadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír gur dócha go mbeidh tionchar mór ar an gcomhshaol, cuirfidh an t-údarás inniúil an forbróir tionscadail ar an eolas laistigh de 45 lá ón iarratas go bhfuil gá le measúnú dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 9.

Cuirfidh na Ballstáit srian le cur i bhfeidhm na míre seo i limistéir Natura 2000 agus i limistéir eile faoi scéimeanna cosanta náisiúnta agus i limistéir faoi chosaint oidhreachta cultúrtha nó stairiúla.

11. Toimhdeofar go rannchuidíonn pleanáil, tógáil agus oibriú bhonneagar an chórais tarchuir agus dáileacháin le laghdú fadtéarmach ar astaíochtaí nítrigine agus ní bheidh measúnú ar astaíochtaí nítrigine i measúnú a d'fhéadfaí a dhéanamh chun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle a chomhlíonadh ina cheanglas.

12. Beidh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE, agus, i gcás inarb infheidhme, measúnú iomchuí faoi Threoir 92/43/CEE, le haghaidh tionscadal chun bonneagar an chórais tarchuir nó dáileacháin atá ann cheana a shíneadh, a athchóiriú, a nuachóiriú nó a athchumhachtú, teoranta do mheastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh teacht as na hathruithe nó na síntí i gcomparáid le bonneagar bunaidh an chórais tarchuir nó dáileacháin.

13. Chun údaruithe a bhainistiú de réir bhrí mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardáin dhigiteacha i bhfeidhm chun iarratais, an próiseas gaolmhar agus cinntí leanúnacha a bhainistiú.

Soláthróidh na hardáin sin rochtain ar na sonraí agus na cinntí ábhartha comhshaoil agus geolaíocha atá le fáil sa tairseach lárnach ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de Rialachán [xxxxx] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.';

(2) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

'Airteagal 8a

**Easpa réitigh mhalartacha nó shásúla agus cur chun feidhme beart cúiteach chun críoch Airteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE**

14. Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu is ann do réitigh mhalartacha shásúla ar thionscadail bhonneagair an chórais tarchuir nó dáileacháin, agus ar threalamh gaolmhar, chun críocha Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1) de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 4(7), pointe (d), de Threoir 2000/60/CE agus Airteagal 9(1) de Threoir 2009/147/CE nó nach ann, comhlíonfar an coinníoll nach mbeidh aon rogha mhalartach shásúil ann i gcás nach bhfuil aon réiteach malartach sásúil ann a d'fhéadfadh cuspóir céanna an tionscadail atá i gceist a bhaint amach, ó thaobh fhorbairt an toillte chéanna tríd an teicneolaíocht chéanna laistigh den tráthchlár céanna nó laistigh de thráthchlár comhchosúil agus gan costais i bhfad níos airde a bheith mar thoradh air.

15. Agus bearta cúiteacha á gcur chun feidhme le haghaidh thionscadail bhonneagair an chórais tarchuir nó dáileacháin, agus trealamh gaolmhar, chun críoch Airteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE, féadfaidh na Ballstáit, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus i gcás inar féidir a léiriú go réasúnta nach ndéanfadh an plean nó an tionscadal difear dochúlaithe do na próisis éiceolaíocha atá fíor-riachtanach chun struchtúr agus feidhmeanna an láithreáin a choinneáil ar bun agus go gcuirfeadh sé comhleanúnachas foriomlán líonra Natura 2000 i mbaol sula gcuirfí bearta cúiteacha i bhfeidhm, cead a thabhairt na bearta cúiteacha sin a dhéanamh i gcomhthráth le cur chun feidhme an tionscadail. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar na bearta cúiteacha sin a oiriúnú le himeacht ama i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim, ag brath ar cé acu a mheastar go dtiocfaidh na héifeachtaí diúltacha móra chun cinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma, nó nach meastar.';

(3) cuirtear an tAirteagal 40a seo a leanas isteach:

'Airteagal 40a

**Forbairt gréasáin agus cumhachtaí chun cinntí infheistíochta a dhéanamh**

1. Gach 2 bhliain ar a laghad, cuirfidh na hoibreoirí córas tarchuir uile plean forbartha gréasáin 10 mbliana faoi bhráid an údaráis rialála a bheidh bunaithe ar an soláthar agus ar an éileamh mar atá siad agus mar a thuartar go mbeidh siad, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, i gcomhréir le mír 2, pointe (c). Beidh bearta éifeachtúla sa phlean forbartha gréasáin sin chun leormhaitheas an chórais agus slándáil an tsoláthair a áirithiú. Déanfaidh an t-oibreoir córais tarchuir an plean forbartha gréasáin 10 mbliana a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

Féachfaidh na Ballstáit le céimeanna pleanála comhordaithe a áirithiú maidir leis na pleananna forbartha gréasáin 10 mbliana sonracha le haghaidh gás nádúrtha, hidrigine agus leictreachais.

2. Déanfar an méid seo a leanas go háirithe sa phlean forbartha gréasáin 10 mbliana:

(a) an príomhbhonneagar tarchuir is gá a thógáil nó a uasghrádú sna 10 mbliana amach romhainn agus sna 15 bliana amach romhainn a chur in iúl do

rannpháirtithe sa mhargadh, agus toilleadh na n-infheistíochtaí oirchilleacha chun freastal ar riachtanais an chórais amach anseo á chur san áireamh;

(b) breithniú a dhéanamh le tús áite ar acmhainní solúbthachta neamhiontaise de bhun Rialachán (AE) 2019/943, réitigh neamhshreinge de bhun Rialachán (AE) [*Rialachán GTE-F mar a mholtar in COM(2025)xxxx*] agus roghanna malartacha eile ar leathnú an chórais a úsáid;

(c) beidh siad bunaithe ar chás comhpháirteach arna fhorbairt gach 2 bhliain de bhun Airteagal 55 de Threoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], a bheidh comhsheasmhach leis an gcás lárnach agus leis na híogaireachtaí arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) [*Rialachán GTE-F mar a mholtar in COM(2025)xxxx*];

(d) beidh siad i gcomhréir leis an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus leis na nuashonruithe air, cuirfear san áireamh leo staid na himeartha sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, beidh siad comhsheasmhach leis na spriocanna a leagtar síos le Treoir (AE) 2018/2001, leanfaidh siad cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i gcomhréir le hAirteagal 27 de Threoir (AE) 2023/1791 agus tacóidh siad leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) agus Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25];

(e) cuimseofar na hinfheistíochtaí go léir a bhfuil cinneadh déanta ina leith cheana agus sainaithneofar infheistíochtaí nua nach mór a fhorghníomhú sna 3 bliana atá le teacht;

(f) achar ama a leagan síos do na tionscadail infheistíochta uile.

3. Beidh míniú ag gabháil le tionscadail bhonneagair nua ar an gcaoi ar cuireadh réitigh neamhshreinge, acmhainní solúbthachta neamhiontaise nó roghanna malartacha eile ar leathnú an chórais san áireamh.

4. Nuair a bheidh an plean forbartha gréasáin 10 mbliana á ullmhú aige, tabharfaidh an t-oibreoir córais tarchuir lánaird ar an bhféidearthacht a ghabhann le húsáid na freagartha don éileamh, na saoráidí stórála fuinnimh nó acmhainní eile mar roghanna malartacha ar leathnú an chórais, mar aon leis an tomhaltas ionchais, trádáil le tíortha eile agus pleananna infheistíochta do ghréasáin uile-Aontais agus do ghréasáin réigiúnacha.

5. Rachaidh an t údarás rialála i gcomhairle leis na húsáideoirí córais uile, bíodh siad ina n-úsáideoirí iarbhír nó féideartha, maidir leis an bplean forbartha gréasáin 10

[24] Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (athmhúnlú) (IO L, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj)

[25] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj)

mbliana, ar bhealach oscailte agus trédhearcach. Na daoine nó na gnóthais a mhaífidh gur úsáideoirí córais féideartha iad, féadfar a cheangal orthu bunús a thabhairt leis an maíomh sin. Foilseoidh an t-údarás rialála toradh an phróisis comhairliúcháin, go háirithe na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh infheistíochtaí.

6. Déanfaidh an t-údarás rialála an plean forbartha gréasáin 10 mbliana a fhormheas nó a iarraidh agus scrúdóidh sé cé acu a chumhdaíonn an plean forbartha gréasáin 10 mbliana na riachtanais infheistíochta uile a sainaithníodh le linn an phróisis comhairliúcháin nó nach gcumhdaíonn, agus cé acu atá sé comhsheasmhach leis an bplean forbartha gréasáin 10 mbliana uile-Aontais neamhcheangailteach ('an plean forbartha gréasáin uile-Aontais') dá dtagraítear in Airteagal 30(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/943 nó nach bhfuil. Sa chás go mbíonn aon amhras ann nach bhfuil an plean ag teacht leis an bplean forbartha gréasáin uile-Aontais, rachaidh an t-údarás rialála i gcomhairle le ACER. Féadfaidh an t-údarás rialála ceangal a chur ar an oibreoir córais tarchuir a phlean forbartha gréasáin 10 mbliana a leasú.

Scrúdóidh na húdaráis inniúla náisiúnta an bhfuil an plean forbartha gréasáin 10 mbliana ag teacht leis an bplean náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna thíolacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999.

7. Déanfaidh an t-údarás rialála faireachán agus meastóireacht ar chur chun feidhme an phlean forbartha gréasáin 10 mbliana.

8. Sa chás nach ndéanfaidh an t-oibreoir córais neamhspleách nó an t-oibreoir tarchurtha neamhspleách, seachas ar chúiseanna sáraitheacha nach mbeadh neart aige orthu, infheistíocht a bhí le déanamh, de réir an phlean forbartha gréasáin 10 mbliana, sna 3 bliana a bhí le teacht, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ceangal ar an údarás rialála ceann amháin ar a laghad de na bearta seo a leanas a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an infheistíocht sin sa chás go bhfuil an infheistíocht sin fós iomchuí de réir an phlean forbartha gréasáin 10 mbliana is déanaí:

(a) ceangal a chur ar an oibreoir córais tarchuir an infheistíocht atá i gceist a dhéanamh;

(b) nós imeachta tairisceana a eagrú a bheidh oscailte d'aon infheisteoir le haghaidh na hinfheistíochta atá i gceist; nó

(c) iallach a chur ar an oibreoir córais tarchuir glacadh le méadú caipitil chun na hinfheistíochtaí riachtanacha a mhaoiniú agus ligean d'infheisteoirí neamhspleácha a bheith rannpháirteach sa chaipiteal.

9. I gcás ina mbeidh úsáid bainte ag an údarás rialála as a chumhachtaí faoi mhír 8, pointe (b), féadfaidh sé iallach a chur ar an oibreoir córais tarchuir aontú le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) maoiniú ag aon tríú páirtí;

(b) tógáil ag aon tríú páirtí;

(c) na sócmhainní nua lena mbaineann a thógáil é féin;

(d) an tsócmhainn nua lena mbaineann a oibriú é féin.

Soláthróidh an t-oibreoir córais tarchuir do na hinfheisteoirí an fhaisnéis uile is gá chun an infheistíocht a chur i gcrích, nascfaidh sé na sócmhainní nua leis an líonra tarchuir agus déanfaidh sé a dhícheall i gcoitinne chun cur chun feidhme an tionscadail infheistíochta a éascú.

Beidh na socruithe airgeadais ábhartha faoi réir a bhformheasa ag an údarás rialála.

10. I gcás ina mbeidh úsáid bainte ag an údarás rialála as a chumhachtaí faoi mhír 8, cumhdóidh na rialacháin taraife ábhartha costais na n-infheistíochtaí atá i gceist.';

(4) Scriostar Airteagal 51.

(5) in Airteagal 59(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(bb) na pleananna forbartha gréasáin 10 mbliana dá dtagraítear in Airteagal 40a a fhormheas agus leasú orthu a iarraidh.';

*Airteagal 3*

**Leasuithe ar Threoir (AE) 2024/1788**

Leasaítear Treoir (AE) 2024/1788 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. In imthosca ina bhfuil údarú ina cheanglas, amhail ceadúnas, cead, lamháltas, toiliú nó formheas, chun saoráidí gáis nádúrtha, saoráidí táirgthe hidrigine agus bonneagar córais hidrigine a thógáil nó a oibriú, deonóidh na Ballstáit nó aon údarás inniúil a ainmneoidh siad údaruithe le saoráidí, bonneagar, píblínte nó trealamh gaolmhar den sórt sin a thógáil nó a oibriú laistigh dá gcríoch, i gcomhréir le míreanna 2 go 11 agus mír 16. Féadfaidh na Ballstáit nó aon údarás inniúil a ainmneoidh siad údaruithe a dheonú freisin ar an mbonn céanna maidir le gás nádúrtha agus hidrigin a sholáthar agus maidir le custaiméirí mórdhíola.';

(b) cuirtear na míreanna 5a go 5d seo a leanas isteach:

'5a. I gcás ina mbeidh aon staidéar, tuarascáil nó doiciméadacht is gá le haghaidh an nós imeachta ar iarraidh ó na hiarratais, áiritheoidh na Ballstáit go n-iarrfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta, i gcomhar le húdaráis ábhartha eile lena mbaineann, na hábhair is gá ar an bhforbróir, agus a raon feidhme agus leibhéal an mhionsonraithe á sonrú acu, laistigh de 3 mhí ón iarratas a dhéanamh.

Tar éis na tréimhse sin, ní iarrfaidh an t-údarás inniúil ná aon údarás ábhartha eile lena mbaineann faisnéis, staidéir, tuarascálacha ná measúnuithe breise, ach amháin i gcásanna inar tharla athrú ábhartha ar an tionscadal nó ar a thimpeallacht máguaird, rud a fhágann nach iomchuí a thuilleadh na critéir thosaigh ar a raibh cinntí bunaithe. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta údar dea-réasúnaithe leis an iarraidh ar fhaisnéis bhreise don tionscnóir tionscadail.

5b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leormhaithe ag na húdaráis inniúla náisiúnta chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an údarú laistigh den tráthchlár a shonraítear i mír 5.

5c. Sa nós imeachta um údarú dá dtagraítear i mír 1 maidir le saoráidí táirgthe hidrigine agus bonneagar córais hidrigine, áiritheoidh na Ballstáit gurb é an toradh a bheidh air mura dtagann freagra ó na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha laistigh den sprioc-am dá dtagraítear i mír 5 go measfar na céimeanna sonracha a bheith formheasta, cé is

moite de na cinntí comhshaoil agus i gcás nach n-aithnítear prionsabal an fhormheasa intuigthe riaracháin i gcóras dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann.

5d. Cuirfear na cinntí uile ar fáil go poiblí, lena n-áirítear cinntí críochnaitheacha a dheonaítear go hintuigthe nuair nach dtagann freagra ó na húdaráis inniúla ábhartha.';

(c) i mír 8, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Féadfaidh na pointí teagmhála a bheith mar an gcéanna leis na húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/869, nó leis na pointí teagmhála a shainítear faoi Airteagal 16 de Threoir (AE) 2018/2001.';

(d) cuirtear an mhír 16 seo a leanas isteach:

'16. Chun údaruithe a bhainistiú de réir bhrí mhír 1 den Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na hardáin dhigiteacha i bhfeidhm chun iarratais, an próiseas gaolmhar agus cinneadh leanúnach a láimhseáil. Soláthróidh na hardáin sin rochtain ar na sonraí agus na cinntí ábhartha comhshaoil agus geolaíocha atá le fáil sa tairseach lárnach ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de.'

*Airteagal 4*

**Trasuí**

1. Na dlíthe, na rialúcháin nó na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoi cheann [2 bhliain tar éis a glactha] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 6*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

<u>**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**</u>

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ..... 3
1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ..... 3
1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ..... 3
1.3. Cuspóirí ..... 3
1.3.1. Cuspóirí ginearálta ..... 3
1.3.2. Cuspóirí sonracha ..... 3
1.3.3. Na torthaí agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ..... 3
1.3.4. Táscairí feidhmíochta ..... 3
1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ..... 4
1.5. Forais an togra/tionscnaimh ..... 4
1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ..... 4
1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as gníomhaíocht ón Aontas, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ..... 4
1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ..... 4
1.5.4. Comhoiriúnacht maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ..... 5
1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ..... 5
1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ..... 6
1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ..... 6
2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ..... 8
2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ..... 8
2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe ..... 8
2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ..... 8
2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun iad a mhaolú ..... 8
2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ..... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ........ 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ........ 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ........ 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ........ 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ........ 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ........ 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin ........ 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ........ 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ........ 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ........ 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ........ 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ........ 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ........ 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ........ 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ........ 28
3.2.6. Comhoiriúnacht maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha ........ 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ........ 28
3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam ........ 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA ........ 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha ........ 30
4.2. Sonraí ........ 30
4.3. Réitigh dhigiteacha ........ 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta ........ 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ........ 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Treoir lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944, (AE) 2024/1788

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Fuinneamh in-athnuaite, Bonneagar Fuinnimh, cosaint an chomhshaoil

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é an cuspóir ginearálta bonneagar fuinnimh athléimneach, fuinneamh in-athnuaite agus solúbthacht a fhorbairt go tráthúil agus go héifeachtúil, lena n-áirítear stáisiúin stórála agus athluchtaithe, ar fud an Aontais. Cuirfidh sé sin ar a chumas don Aontas a chuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach, lena n-áirítear inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú trí idirnascacht níos fearr, as a dtiocfaidh cóineasú praghsanna, praghsanna mórdhíola leictreachais laghdaithe agus luaineacht níos ísle i bpraghsanna leictreachais, chomh maith le nascadh brostaithe giniúna agus éilimh.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Cuspóir sonrach Uimh. 1

Nósanna imeachta um dheonú ceadanna a ghiorrú agus a shimpliú le haghaidh bonneagar fuinnimh, tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus stórála, chomh maith le stáisiúin athluchtaithe, rud a fhágfaidh go mbeidh níos lú ama ag teastáil chun na ceadanna is gá a fháil, rud a fhágfaidh go mbeidh sé indéanta na sprioc-amanna atá ann cheana a chomhlíonadh, agus ceanglais shimplithe maidir le ceadanna.

*1.3.3. Na torthaí agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

[…]Tionchar eacnamaíoch

Trí chreat soiléir a chruthú le sprioc-amanna nithiúla níos giorra agus nósanna imeachta níos simplí chun tionscadail foinsí fuinnimh in-athnuaite, eangacha agus stáisiúin stórála agus athluchtaithe a fhorbairt, bheadh aga tionscanta níos giorra do thionscadail mar thoradh ar an togra agus, ar an gcaoi sin, bheadh tairbhí dearfacha eacnamaíocha ag baint leis. Tacaítear leis sin leis an taithí ar bhearta ceangailteacha agus roghnacha a chur chun feidhme chun dlús a chur leis an gceadú mar a tugadh isteach leis an Rialachán Éigeandála. Bhain an Ghearmáin úsáid fhorleathan as na bearta sa Rialachán seo, rud a d’fhág gur cuireadh dlús mór leis an gceadú. Trí aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna ar chur chun feidhme tionscadal, meastar go nginfear tairbhí i dtéarmaí praghsanna mórdhíola leictreachais laghdaithe foriomlána agus go gcuirfear leis an leas iomlán.

An tIomaíochas

Go ginearálta, más féidir leis an Eoraip nósanna imeachta um pleanáil agus um dheonú ceadanna a ghiorrú go mór, chomh maith le tairbhí eacnamaíocha díreacha a bhaint amach, d’fhéadfaí feabhas a chur ar a staid iomaíoch i leith iomaitheoirí díreacha freisin, e.g. trí leictriú costéifeachtach an tionscail. Baineann sé sin, mar shampla, le nascadh lárionad sonraí nó gigeamhonarchana, a bhfuil nascadh leis an

eangach ar cheann de na ceisteanna tábhachtacha ar ar a mbonn a dhéanann siad cinneadh maidir lena suíomh

Digiteáil

Leis an togra, cheanglófaí ar na Ballstáit a nósanna imeachta um cheadú a dhigiteáil a thuilleadh trí uirlisí digiteacha a chomhtháthú agus ardáin a chruthú, lena dtabhairt cothrom le dáta go leanúnach le sonraí ábhartha agus a bhfoireann a uas-sciliú chun na gnéithe digiteacha nua a láimhseáil.

Ualach riaracháin

Tá sé ina cheanglas de chuid na mbeart faoin togra go gcuirfidh údaráis náisiúnta agus áitiúla chun feidhme iad, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: an fhoireann, na scileanna agus na huirlisí uile is gá a thabhairt do na húdaráis cheadaithe chun déileáil leis an líon méadaitheach iarrataí ar cheadú, na hamlínte ceadaithe brostaithe agus simpliú nósanna imeachta um cheadú le haghaidh tionscadail agus athchumhachtú áirithe, ardáin agus uirlisí digiteacha a chruthú don phróiseas ceadaithe agus chun scéimeanna comhroinnte tairbhí a dhearadh le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite agus nósanna imeachta nua mar phointí teagmhála aonair le haghaidh bonneagar tarchuir agus dáileacháin leictreachais i gcoitinne agus i stáisiúin stórála agus athluchtaithe, nach gcumhdaítear leis an RED athbhreithnithe. Mar sin féin, bheadh coigilteas ó nósanna imeachta cuíchóirithe, níos simplí agus níos tapúla sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar thoradh ar an éifeacht chostais ghearrthéarmach sin.

Iarmhairtí Sóisialta

Is éard atá i gceist leis an togra bearta breise lena neartaítear rannpháirtíocht luath éifeachtach an phobail agus lena gcothaítear tacaíocht phoiblí do thionscadail fuinnimh in-athnuaite. Áirítear go sainráite leis na bearta forálacha arb é is aidhm dóibh cur le rannpháirtíocht phoiblí agus, dá bhrí sin, cur le glacadh sóisialta le tionscadail fuinnimh in-athnuaite. Trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta atá ann faoi láthair maidir le glacadh an phobail le tionscadail fuinnimh in-athnuaite, beidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an deis bearta a thabhairt isteach a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí go díreach nó go hindíreach, e.g. scéimeanna comhroinnte tairbhí agus cruthú post.

Tionchair Chomhshaoil

Tá sé ríthábhachtach forbairt bonneagar fuinnimh a áirithiú, go háirithe eangacha leictreachais, chun cur le sciar na giniúna fuinnimh in-athnuaite atá comhtháite sa mheascán fuinnimh, rud a chuirfidh cosc ar chaillteanais chomhshaoil de dheasca ciorraithe. Le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, beifear in ann srian a chur le húsáid breoslaí iontaise lena laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, ar an gcaoi sin, aghaidh a thabhairt ar dhá phríomhchúis le cailliúint na bithéagsúlachta: an t-athrú aeráide agus truailliú aeir. Áirítear leis an togra bearta arb é is aidhm dóibh ceadanna níos tapúla agus, dá bhrí sin, cur in úsáid níos tapúla agus níos forleithne a bhaint amach, rud a bhaineann le níos mó spáis a úsáid agus, dá bhrí sin, a bhfuil tionchar aige ar an gcomhshaol, ach tá siad ceaptha gan an leibhéal cosanta comhshaoil a laghdú.

Baineann tionchair ábhartha ar an gcomhshaol nádúrtha agus ar an gcomhshaol de dhéantús an duine le níos mó ná astaíochtaí GCT agus neamh-CO2. Braitheann na

tionchair sin go mór ar an teicneolaíocht a úsáidtear agus ar shuíomh na sócmhainní agus ar stádas comhshaoil an fhána agus an fhlóra máguaird. Tugtar aghaidh ar na tionchair sin, áfach, i ndearadh na mbeart atá beartaithe trí choimircí a thabhairt isteach.

1.3.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Is féidir rath an togra a thomhas in aghaidh an chuspóra oibríochtúil maidir le nósanna imeachta um cheadú níos giorra agus níos simplí le haghaidh bonneagar fuinnimh, sócmhainní fuinnimh in-athnuaite, tionscadail stórála, agus stáisiúin athluchtaithe agus sraith de na táscairí seo a leanas:

-meántréimhse iomlán agus uastréimhse iomlán na nósanna imeachta um cheadú ina mblianta;

-an ráta bliantúil agus na meánmhoilleanna ar an nós imeachta um cheadú le haghaidh tionscadail leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa (ina mblianta);

-ráta digiteála na nósanna imeachta um cheadú - ina chéatadán agus de réir líon na mBallstát a chuireann nósanna imeachta digiteacha in úsáid, agus ardáin bhainistíochta agus cartlanna láraithe á gceadú le haghaidh na sonraí ábhartha (i bhformáid atá inrochtana go héasca ag na páirtithe leasmhara ábhartha);

-an leibhéal freasúra i gcoinne tionscadail leasa choitinn (an líon agóidí i scríbhinn le linn an chomhairliúcháin phoiblí, an líon caingne dlí).

## 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[52]

✠ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Áirítear leis an togra bearta maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite, líonraí tarchuir agus dáileacháin, tionscadail stórála agus stáisiúin athluchtaithe a cheadú. Beidh ar na Ballstáit bearta nua a ghlacadh nó a reachtaíocht a leasú chun na rialacha sin a thrasuí.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an*

[52] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*Aontais' an luach a thagann as gníomhaíocht ón Aontas, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)

Ní bheadh sé costéifeachtúil cuspóirí fuinnimh an Aontais a bhaint amach gan gníomhaíocht bhreise maidir le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite ar leibhéal an Aontais. Tá gá le cur chuige de chuid an Aontais chun na dreasachtaí cearta a sholáthar do na Ballstáit chun dlús a chur, ar bhealach comhordaithe, leis an aistriú fuinnimh i dtreo córas fuinnimh atá níos tíosaí ar fhuinneamh agus atá bunaithe den chuid is mó ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Tá forálacha sa RED athbhreithnithe cheana féin maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh, stóráil chomhshuite agus eangacha gaolmhara a cheadú. Tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat rialála sin ar bhealach comhordaithe, lena dtabharfar nósanna imeachta um cheadú níos tapúla d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus do stáisiúin stórála agus athluchtaithe, lena n-áiritheofar ailíniú i measc na mBallstát agus dea-fheidhmiú an Aontais Fuinnimh. Agus na beartais fuinnimh éagsúla i measc na mBallstát á gcur san áireamh, is mó seans go mbainfear amach sprioc aeráide an Aontais agus an méadú is gá ar chur in úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, le tacaíocht ó chreat láidir rialála, ná le gníomhaíocht náisiúnta nó gníomhaíocht áitiúil amháin.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Tá breisluach ag baint le gníomhaíocht ón Aontas maidir le fuinneamh in-athnuaite faoin RED athbhreithnithe, agus maidir le bonneagar fuinnimh faoin Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais agus faoin Treoir maidir leis an Margadh Gáis, toisc go bhfuil sé níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ná gníomhaíochtaí na mBallstát aonair, rud a sheachnaíonn cur chuige ilroinnte trí aghaidh a thabhairt ar aistriú chóras fuinnimh na hEorpa ar bhealach comhordaithe. Le gníomhaíocht ón Aontas, áirithítear laghdú glan ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar thruailliú, cosnaítear an bhithéagsúlacht, baintear leas as tairbhí an mhargaidh inmheánaigh, baintear leas iomlán as na buntáistí a bhaineann le barainneachtaí scála agus comhar teicneolaíoch san Eoraip, agus tugtar cinnteacht d'infheisteoirí i gcreat rialála uile-Aontais. Trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais i gcomhar le gníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát, is féidir dul i ngleic le roinnt bacainní ar infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha trí ghníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil a fhorlíonadh agus a threisiú.

Níorbh fhéidir aidhm an togra a bhaint amach a mhéid céanna le bearta náisiúnta, agus san am céanna caomhnaíonn sé saincheart na mBallstát a meascán fuinnimh agus a leibhéal inniúlachta a roghnú agus mionsonraí a gcreataí ceadaithe a leagan síos. Tá cur chuige níos mó ón mbarr anuas i gceist leis an togra ach, san am céanna, déantar inniúlachtaí a choinneáil ar bun agus a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus, dá bhrí sin, meastar go gcomhlíontar prionsabal na coimhdeachta leis.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Leis an Tuarascáil Cur Chun Feidhme atá i gceangal leis an Measúnú Tionchair, déantar anailís ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme an chreata ceadaithe a shocraítear ar leibhéal an Aontais leis an Rialachán ón gComhairle agus leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Soláthraítear fianaise sa Tuarascáil Cur Chun Feidhme ar an ngá atá le tuilleadh feabhsuithe, is é sin maidir le bearta atá sa Rialachán ón gComhairle nach ndearnadh bearta buana

díobh, maidir le rannpháirtíocht phoiblí, digiteáil agus nósanna imeachta simplithe um measúnú comhshaoil.

1.5.4. *Comhoiriúnacht maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Is príomhsprioc insoláthartha é an Pacáiste seo um na hEangacha Eorpacha faoin gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus faoin bPlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, atá i gClár Oibre an Choimisiúin. Tá an tionscnamh comhlántach le tionscnaimh eile arb é is aidhm dóibh margadh fuinnimh Eorpach níos comhtháite a chruthú agus costais fuinnimh a laghdú do theaghlaigh agus do thionscail. Tá bonneagar fuinnimh ríthábhachtach freisin chun sprioc aeráide 2040 an Aontais atá beartaithe a bhaint amach, agus chun cuspóir an Aontais an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 a bhaint amach.

Cuirtear i dtábhacht leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) nua 2028-2034 ar 'an ríthábhacht a bhaineann le fíor-Aontas Fuinnimh'.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Rinneadh anailís leis an tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo ar roghanna beartais éagsúla chun cuspóirí ginearálta agus sonracha an tionscnaimh a bhaint amach. Measadh gurb í an rogha beartais ab fhearr a shaothraítear tríd an togra reachtach seo an cur chuige is éifeachtaí agus is costéifeachtúla

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

✠ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. An modh/na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[53]**

✠ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ✠ trína ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú faoi dhlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐·comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú faoi dhlí príobháideach Ballstáit nó dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag

53 Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú faoin dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid tacaíochta ón Aontas.

Nótaí

| |
|---|
| Maidir leis an togra seo, is é an t-aon riachtanas buiséadach a sainaithníodh ná riachtanas i ndáil leis an gconradh le haghaidh tacaíocht sheachtrach do sheiceálacha trasuí na Treorach. I bhfianaise na gnáth-amlíne don chaibidlíocht, don ghlacadh agus don trasuí, beidh gá le conradh den sórt sin tar éis 2028 agus, dá bhrí sin, an chéad CAI eile. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Maidir leis an cúraimí a chuirfidh AS ENER chun feidhme go díreach, leanfaidh siad timthriall bliantúil na pleanála agus an fhaireacháin, arna chur chun feidhme sa Choimisiún agus sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, lena n-áirítear na torthaí a thuairisciú trí Thuarascáil Bhliantúil AS ENER ar Ghníomhaireachtaí.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ceanglas 1:

Ba ghnáthchleachtas é soláthraí seirbhíse seachtrach a úsáid chun an t-ábhar a eagrú agus an chéad mheasúnú ar na bearta a dhéanamh i bhfianaise an líon beart agus úsáid teangacha náisiúnta sna bearta arna gcur in iúl ag na Ballstáit. Déantar an tasc trí nós imeachta soláthair phoiblí. Sa chás sin, cuirfear an soláthar chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, agus forálacha an Rialacháin Airgeadais á gcur i bhfeidhm go hiomlán. Áirítear sa straitéis rialaithe maidir le soláthar in AS ENER rialuithe sonracha *ex ante* dlí, oibriúcháin agus airgeadais maidir leis an nós imeachta soláthair (athbhreithniú ag an gcoiste comhairleach um sholáthar agus conarthaí) chomh maith le rialuithe ar shíniú conarthaí. Ina theannta sin, beidh caiteachas arna dhéanamh chun earraí agus seirbhísí a sholáthar faoi réir rialuithe *ex ante* agus, nuair is gá, faoi réir rialuithe *ex post* agus airgeadais.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun iad a mhaolú*

D’fhéadfadh na gnéithe atá á mbainistiú go díreach ag AS ENER a bheith faoi réir na ngnáthrioscaí a dhéanann difear do nósanna imeachta soláthair phoiblí. Meastar go bhfuil na rioscaí sin ar leibhéal íseal a mhéid a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais. Tá rialuithe iomchuí éifeachtacha i bhfeidhm ar an leibhéal corparáideach agus ar leibhéal na hArd-Stiúrthóireachta. Maidir le feidhmíocht, is iad na meastacháin mhíchearta a mhéid a bhaineann leis an ualach oibre a chruthaítear leis an togra seo an príomhriosca. Ní mór glacadh leis an riosca sin, agus braitheann sé ar obair thrasuí na mBallstát chomh maith le heagrú inmheánach na hoibre agus beartú tosaíochta.

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Cuirfear na cúraimí a shanntar do AS ENER chun feidhme de réir an chórais rialaithe atá ann cheana agus meastar go bhfanfaidh costas an chóimheasa rialaithe cobhsaí (5 go 6 % de na cistí a bhainistítear bunaithe ar chleachtaí a rinneadh le déanaí). Meastar, i gcomhréir leis an meastachán ar rátaí earráide le haghaidh nósanna imeachta soláthair, go bhfanfaidh an riosca earráide a mheastar a bheidh ann tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta íseal agus faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 %.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Ghlac AS ENER Straitéis Frith-Chalaoise athbhreithnithe in 2020 agus, in 2023, plean gníomhaíochta athbhreithnithe lena gcumhdaítear na blianta 2023-2025. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag AS ENER faoi láthair ar a AFS do na blianta 2026-2028, i gcomhréir le modheolaíocht OLAF. Tá Straitéis Frithchalaoise AS ENER bunaithe ar Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin agus ar mheasúnú riosca sonrach arna dhéanamh go hinmheánach chun na réimsí is leochailí ó thaobh calaoise de a shainaithint, na rialuithe atá i bhfeidhm cheana agus na bearta is gá chun feabhas a chur ar chumas AS ENER calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[54]. | ó thíortha de chuid CSTE[55] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[56] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | 02.03.02 An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa – Fuinneamh | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

54 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

55 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

56 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí* [57]

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

#### *3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | |
|---|---|---|

| AS: ENER | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid: 02.03.02 An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa – Fuinneamh | Gealltanais | (1b) | 0,350 | | | | | | | **0,350** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | 0,140 | | 0,140 | 0,070 | | | **0,350** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[58] | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | | | **0** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe le haghaidh AS ENER** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **0,350** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0,350** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0** | **0,140** | | **0,140** | **0,070** | **0** | **0** | **0,350** |

---

[57] Is méideanna táscacha iad na méideanna tar éis 2027 agus ní dhéantar réamhbhreith leo ar thoradh na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair maidir leis an gcéad CAI eile.

[58] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA'), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

| | | | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | **0,350** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0,350** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0 | **0,140** | | **0,140** | **0,070** | 0 | 0 | **0,350** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL <2.>** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0,350** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0,350** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0** | **0,140** | | **0,140** | **0,070** | **0** | **0** | **0,350** |

| | | | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na ceannteidil oibríochta uile) | Gealltanais | (4) | **0,350** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0,350** |
| | Íocaíochtaí | (5) | **0** | **0,140** | | **0,140** | **0,070** | **0** | **0** | **0,350** |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (na ceannteidil oibríochta uile) | | (6) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1 go 3** | Gealltanais | =4+6 | **0,350** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0,350** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| den chreat airgeadais ilbhliantúil<br><br>(Méid tagartha) | Íocaíochtaí | =5+6 | **0** | **0,140** | | **0,140** | **0,070** | **0** | **0** | **0,350** |

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | | 4 | ‘Caiteachas riaracháin’[59] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: <…….> | | Bliain<br>**2028** | Bliain<br>**2029** | Bliain<br>**2030** | Bliain<br>**2031** | Bliain<br>**2032** | Bliain<br>**2033** | Bliain<br>**2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
| • Acmhainní daonna | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **IOMLÁN AS** <….> | Leithreasuithe | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

| AS: <…….> | | Bliain<br>**2028** | Bliain<br>**2029** | Bliain<br>**2030** | Bliain<br>**2031** | Bliain<br>**2032** | Bliain<br>**2033** | Bliain<br>**2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **IOMLÁN AS** <….> | Leithreasuithe | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

[59] Ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh agus úsáid á baint as na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar leathanach gréasáin iomchuí BUDGpedia.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** | Gealltanais | **0,350** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0,350** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | **0** | **0,140** | | **0,140** | **0,070** | **0** | **0** | **0,350** |

3.2.2. *An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí díláraithe)*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **2028** | | Bliain **2029** | | Bliain **2030** | | Bliain **2031** | | Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ⇩ | Cineál [60] | Meán chostas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[61]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

60 Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

61 Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. 'Cuspóirí sonracha'

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin*

– ✠ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN 2028 - 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina cúram cheana agus/nó rinneadh iad a chur in úsáid an athuair laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a dheonú don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta um leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán ina aonaid de choibhéis lánaimseartha*[62]

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

[62] Sonraigh thíos cá mhéad de na haonaid de choibhéis lánaimseartha arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a chur in úsáid an athuair laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, agus cé na glanriachtanais atá agat.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha)** | | | | | | | |
| 20 02 01(AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] - sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (AC, END - Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (AC, END - Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (ina haonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 4 nó faoi Thaighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | | | Ní bhaineann le hábhar | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | | | | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 4 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-3 a chur in iúl. Is é an rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ceannach/forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

| **IOMLÁN na leithreasuithe digiteacha agus TF** | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028 - 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

*3.2.6. Comhoiriúnacht maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh:

– ☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

### 3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh:

– ✠ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

– ☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[63] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
| Airteagal …. | | | | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

63 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 20 % de na costais bhailiúcháin a bhaint.

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

### 4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

**Ceanglas 1 (C1):** Baineann Ceanglas 1 leis an mbeart lena n-iarrtar an nós imeachta um iarratas a dhéanamh ar cheadú le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite, bonneagar fuinnimh agus tionscadail stórála a dhigiteáil agus a lárú. Ní mór d'údarás inniúil nó d'údaráis inniúla na mBallstát a bheith in ann iarratais ar cheadú agus na doiciméid ábhartha uile a fháil i bhformáid dhigiteach. Faoin togra, ceanglaítear ar na Ballstáit tairseach aonair dhigiteach a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh na gcéimeanna uile sna nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, stórála agus eangaí sa chaoi go rannchuideoidh sí le digiteáil, idir-inoibritheacht agus trédhearcacht níos aonfhoirmí sna húdaráis éagsúla um cheadú sna Ballstáit agus, ar deireadh, le dlús a chur leis an gceadú. Áireofar é sin in Airteagal 16 den RED, in Airteagal 8 den EMD agus in Airteagal 3 den Treoir maidir leis an Margadh Gáis. Beidh sé sin sa bhreis ar an oibleagáid atá ar na Ballstáit go n-eiseofar na cinntí uile i bhformáid atá inrochtana go héasca. Ba cheart do na húdaráis ábhartha rochtain a áirithiú ar na sonraí agus na cinntí ábhartha comhshaoil agus geolaíocha atá le fáil sa tairseach lárnach ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de Rialachán [*xxxxx*] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

**Ceanglas 2 (C2):** Baineann Ceanglas 3 le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thrasuí agus ar chur chun feidhme na Treorach leasaithí ag seirbhísí an Choimisiúin. Is tríd an tairseach THEMIS nó trí ríomhphoist a chuirtear na bearta agus na doiciméid ábhartha in iúl idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Ní bheidh gá le haon ghníomhaíocht bhreise ó Sheirbhísí an Choimisiúin chun an ceanglas sin a chomhlíonadh. Thairis sin, chun cúnamh a thabhairt maidir leis an treoir leasaitheach a thrasuí agus a chur chun feidhme, tabharfar cothrom le dáta an uirlis ar líne atá ann cheana agus a cruthaíodh le haghaidh Threoir (AE) 2023/2413.

### 4.2. Sonraí

I gcás **Cheanglas 1**, áirítear na sonraí uile is gá le haghaidh cead iomlán nó ceadanna iomlána le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite, bonneagar fuinnimh agus tionscadail stórála. Is sonraí pearsanta iad sin a bhaineann leis an iarratasóir, cibé acu duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá ann, saintréithe na dtionscadal agus na doiciméid tacaíochta uile is gá. De réir lárú an nós imeachta, tá oibleagáid curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún freisin go gceadófar leis an tairseach sonraí staidrimh a asbhaint maidir leis na nósanna imeachta um cheadú, go háirithe maidir le meán-amlínte, moilleanna etc. Tugadh isteach oibleagáid ghinearálta maidir le rialacha cosanta sonraí a urramú i gcás inarb infheidhme iad.

I gcás **Cheanglas 2**, is reachtaíocht phoiblí den chuid is mó iad na sonraí a chomhroinntear chun an treoir a thrasuí agus litreacha chuig an gCoimisiún agus uaidh, atá faoi rún.

### 4.3. Réitigh dhigiteacha

Le haghaidh **Cheanglas 1**: Éascófar digiteáil agus lárú nósanna imeachta um cheadú le haghaidh tionscadail foinsí fuinnimh in-athnuaite, bonneagair fuinnimh agus stórála le réiteach digiteach ardáin dhigitigh nó tairsí digití a mbeadh sé de cheangal ar na Ballstáit a chur ar bun. Tríd an méid sin, dhéanfadh an Ballstát na próisis cheadaithe a bhainistiú (cinntí leanúnacha ceadaithe agus cinntí eisithe). Trí na sonraí sin a lárú, táimid ag súil le

nósanna imeachta a shimpliú agus dúbláil na sonraí céanna ar ardáin éagsúla a chosc. Sna haithrisí, áitíonn an Coimisiún gur cheart gnéithe a chur i láthair ar an tairseach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin na hintleachta saorga, lena gceadófar don phointe teagmhála aonair, d'údaráis agus d'iarratasóirí eile stádas an iarratais a sheiceáil agus a sheiceáil cá bhfuil moilleanna ann, chomh maith le comhlíonadh na sprioc-amanna ceadaithe a sheiceáil. Ina theannta sin, ba cheart a cheadú leis staidreamh a asbhaint chun dul chun cinn foriomlán na nósanna imeachta um dheonú ceadanna sna Ballstáit a sheiceáil. Ba cheart go n-éascódh an tairseach dualgais an phointe teagmhála aonair ar cheart rochtain a bheith aige ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis ábhartha uile. Ar deireadh, leis an rochtain ar an tairseach lárnach ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de Rialachán [*xxxxx*] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena ndéanfar cuíchóiriú ar na nósanna imeachta um bailiú sonraí agus measúnú comhshaoil is infheidhme maidir le fuinneamh in-athnuaite, tionscadail bonneagair tarchuir agus dáileacháin leictreachais, tionscadail stórála fuinnimh agus stáisiún athluchtaithe, cuirfear le deimhneacht le haghaidh forbróirí agus údarás araon.

**Le haghaidh Cheanglas 2:** Tá na huirlisí digiteacha i bhfeidhm cheana féin agus níl gá le tuilleadh gníomhaíochtaí.

### *4.4. Measúnú idir-inoibritheachta*

Níl idirghníomhaíocht thar theorainneacha na mBallstát, i measc eintitis an Aontais ná idir eintitis an Aontais agus comhlachtaí na hearnála poiblí ina ceanglas de chuid **Cheanglas 1**. Níl tionchar aige ach oiread ar idir-inoibritheacht trasteorann toisc go bhfuil na sonraí ábhartha do nósanna imeachta cinnteoireachta náisiúnta, seachas do nósanna imeachta cinnteoireachta ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, d'fhéadfaí a bheith ag súil le comhar maidir le tionscadail trasteorann, agus dá bhrí sin iarrtar ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar fhormáid sonraí a úsáid a bheidh idir-inoibritheach, a mbeidh sé éasca rochtain a fháil uirthi agus í a chomhroinnt. Mar sin féin, cuireadh struchtúr sonraí atá sainithe go lárnach san áireamh agus cuireadh i leataobh é, ós rud é, mar thoradh ar chineál náisiúnta den chuid is mó an chéatadáin is mó de na nósanna imeachta um cheadú i ngach Ballstát agus na córais cheadaithe éagsúla, go luíonn sé le réasún gur faoi na Ballstáit a fhágtar an cinneadh iarbhír maidir le formáid an chur chun feidhme, agus gur féidir leo an cinneadh is fearr a oireann dá gcóras agus don ardán digiteach nua a chuirfidh siad ar bun a chinneadh.

- Is iad na seirbhísí poiblí a ndéanann na moltaí sin difear dóibh na húdaráis uile i ngach Ballstát a bhfuil baint acu le ceadú sócmhainní fuinnimh, e.g.:
- Aireacht agus/nó gníomhaireachtaí fuinnimh
- Riarachán Bardasach/Áitiúil
- Údaráis chomhshaoil
- Comhlachtaí nó eintitis riaracháin atá freagrach as tuairim nó formheas a thabhairt maidir le tionscadail a dhéanann difear don phleanáil spásúlachta agus do láithreáin oidhreachta cultúrtha

Tá an t-ardán THEMIS a úsáidtear le haghaidh **Cheanglas 2** idir-inoibritheach cheana féin ós rud é go n-éilítear leis idirghníomhaíocht idir eintitis de chuid an Aontais agus

comhlachtaí na hearnála poiblí, trí bhíthin a gcóras gréasán agus faisnéise

## 4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Le haghaidh **cheanglas 1**, tá an Coimisiún ag féachaint ar réitigh cheadaithe dhigiteacha agus intleachta saorga éagsúla atá ann cheana ar féidir iad a oiriúnú do na comhthéacsanna náisiúnta agus réigiúnacha agus é d'aidhm aige tacú leis na Ballstáit dea-chleachtais a chomhroinnt i ngrúpaí saineolaithe um cheadú agus i bhfóraim eile atá ar na bacáin. Thairis sin, tá tacaíocht i bhfoirm cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta beartaithe chun tacú leis an gcur chun feidhme digiteach, lena n-áirítear an fhéidearthacht é sin a dhéanamh tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus trí úsáid cistí réigiúnacha.

Le haghaidh **cheanglas 2**, níl gá le bearta den sórt sin.